Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**10630/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0053(COD)**

**CODEC 1421**
**TRANS 270**
**PE 156**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 26 go dtí an 28 Feabhra 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Karima DELLI (na Glasaigh/SCE, FR), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) ina raibh 237 leasú (leasuithe 1 go 237) ar an togra.

Ina theannta sin, chuir an grúpa PPE 32 leasú síos (leasuithe 238 go 241 agus 305 go 332), chuir an grúpa ECR 22 leasú síos (leasuithe 242 go 263), chuir na Glasaigh/an grúpa SCE ocht leasú síos (leasuithe 264 go 271), chuir grúpa S&D 16 leasú síos (leasuithe 272 go 287), chuir an grúpa *The Left* 17 leasú síos (leasuithe 288 go 304) agus chuir roinnt feisirí ó ghrúpaí polaitiúla éagsúla 11 leasú síos (leasuithe 333 go 343).

## II. VÓTÁIL

Nuair a chaith sé vóta an 28 Feabhra 2024, ghlac seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa leasuithe 1 go 3, 5 go 32, 34 go 36, 38 go 42, 44 go 60, 69 go 78, 80 go 86, 88, 89, 91, 94, 95, 97, 99 go 135, 138 go 167, 169 go 179, 184 go 203, 205 go 220, 222 go 237, 242, 243, 247, 253, 256, 258 go 260, 262, 268, 269, 305, 306, 310 go 312, 315, 318, 320 go 329, 331, 335, 338, 339 agus 341 ar an togra le haghaidh Treorach. Níor glacadh aon leasuithe eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

## P9_TA(2024)0095

## Ceadúnais tiomána

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún (COM(2023)0127 – C9-0035/2023 – 2023/0053(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0127),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0035/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

- ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Meitheamh 2023[1];

- tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0445/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an Coimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

1 *IO C 293, 18.8.2023, lch. 133.*

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris - 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) Tá an tAontas tiomanta lena sprioc 'Fís Nialais', gan básanna a bhaineann le trácht ar bhóithre faoi 2050, mar a athdhearbhaíodh sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste in 2020. In 2017, d'aontaigh Comhairle Iompair neamhfhoirmiúil Vaileite gur mórfhadhb shochaíoch é an líon ard leanúnach básanna tráchta agus gortuithe tromchúiseacha tráchta ar bhóithre agus d'eisigh sí dearbhú inar iarradh ar an gCoimisiún, i measc eagraíochtaí eile, beartas neartaithe um shábháilteacht ar bhóithre an Aontais agus creat dlíthiúil a ullmhú do na deich mbliana tar éis 2020, lena n-áiritheofar líon níos lú básanna, agus lena bhfeabhsófaí cosaint úsáideoirí bóithre, go háirithe úsáideoirí soghonta, arb iad sin is minice na híospartaigh.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris - 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1a) Mar thoradh ar na hiarrachtaí atá déanta go dtí seo ag na húdaráis phoiblí, tá laghdú tagtha ar líon na mbásanna ar bhóithre ó 51 400 duine in 2001 go 19 800 in 2021. Thit na figiúirí sin faoi bhun sprioc an Aontais laghdú 75 % a dhéanamh ar líon na mbásanna ar na bóithre idir 2001 agus 2020. Thairis sin, níor tháinig aon athrú chun feabhais ina dhiaidh sin ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú faoina leath le linn na chéad 10 mbliana.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ba cheart an creat atá ann faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta chun go mbeidh sé oiriúnach don ré nua, agus go beidh sé inbhuanaithe, cuimsitheach, cliste agus athléimneach. Ba cheart a chur san áireamh ann an gá atá le hastaíochtaí ó iompar a laghdú, digitiú, na treochtaí déimeagrafacha agus forbairtí teicneolaíochta chun iomaíochas an Gheilleagair Eorpaigh a threisiú. Tá sé tábhachtach nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a dhigitiú, chun na bacainní atá fós ann a bhaint, amhail ualaí riaracháin, ar bacainní iad do shaorghluaiseacht na dtiománaithe a théann chun cónaithe i mBallstát seachas | (2) Ba cheart an creat atá ann faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta chun go mbeidh sé oiriúnach don ré nua, agus go beidh sé inbhuanaithe, cuimsitheach, cliste agus athléimneach. Ba cheart a chur san áireamh ann an gá atá le hastaíochtaí agus tomhaltas fuinnimh ón iompar a laghdú, lena n-áirítear trí ghlacadh níos mó le feithiclí cumhachtaithe malartacha, digitiú, treochtaí déimeagrafacha agus forbairtí teicneolaíocha chun iomaíochas an Gheilleagair Eorpaigh a threisiú. Tá sé tábhachtach nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a dhigitiú, chun na bacainní atá fós ann a bhaint, amhail ualaí riaracháin, ar bacainní iad do |

| | |
|---|---|
| an Ballstát a eisíonn an ceadúnas. Ba cheart ceadúnais tiomána fhisiceacha agus mhóibíleacha araon a chuimsiú i gcreat comhchuibhithe ceadúnais tiomána de chuid an Aontais, agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir lena n-aitheantas frithpháirteach, i gcás inar eisíodh go cuí iad i gcomhréir leis an Treoir seo. | shaorghluaiseacht na dtiománaithe a théann chun cónaithe i mBallstát seachas an Ballstát a eisíonn an ceadúnas. Ba cheart go gcuimseodh creat comhchuibhithe an Aontais maidir le ceadúnais tiomána ar chaighdeán comhchuibhithe ceadúnais tiomána fhisiceacha agus shoghluaiste de gach catagóir, agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir lena n-aitheantas frithpháirteach, i gcás inar eisíodh go cuí iad i gcomhréir leis an Treoir seo. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar creat cosanta sonraí an Aontais agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun an Treoir seo a chur chun feidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53] **.** | (4) Ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar creat cosanta sonraí an Aontais agus sonraí pearsanta á bpróiseáil chun an Treoir seo a chur chun feidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53] **agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53a]**. |
| [53] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1). | [53] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).<br>***[53a] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na*** |

| | |
|---|---|
| | ***hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Leis an Treoir seo, bunaítear bunús dlí chun tacar éigeantach sonraí pearsanta a stóráil sna ceadúnais tiomána fhisiceacha agus ina micrishliseanna agus a gcóid QR agus sna ceadúnais tiomána mhóibíleacha chun ardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre a ráthú ar fud an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(e) agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 9(2)(g) de Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart na sonraí sin a bheith teoranta don mhéid is gá chun ceart tiomána an duine a chruthú, chun an duine sin a shainaithint agus chun cearta tiomána agus aitheantas an duine a fhíorú. Déantar foráil sa Treoir seo freisin maidir le coimircí breise chun cosaint sonraí pearsanta a nochtar le linn an phróisis fíorúcháin a áirithiú. | (5) Leis an Treoir seo, bunaítear bunús dlí chun tacar éigeantach sonraí pearsanta a stóráil sna ceadúnais tiomána fhisiceacha agus ina micrishliseanna nó ina gcóid QR agus sna ceadúnais tiomána mhóibíleacha, chun críoch ceart tiomána an duine agus a chéannacht nó a céannacht a chruthú agus a fhíorú, chun ardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre a ráthú ar fud an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(1), pointe (e) agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 9(2), pointe (g) de Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart na sonraí sin a bheith teoranta don mhéid is gá chun ceart tiomána an duine a chruthú, chun an duine sin a shainaithint agus chun cearta tiomána agus aitheantas an duine a fhíorú. Déantar foráil sa Treoir seo freisin maidir le coimircí breise chun cosaint sonraí pearsanta a nochtar le linn an phróisis fíorúcháin a áirithiú. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Chun foráil a dhéanamh maidir le soiléireacht dhlíthiúil agus chun an t-aistriú gan uaim idir an Treoir seo agus Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadúnais tiomána[54] a ráthú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann sonraí pearsanta breise a stóráil ar mhicrishlis, má dhéantar foráil maidir leis sin leis an dlí náisiúnta lena gcomhlíontar Rialachán (AE) 2016/679. Ní fheidhmíonn an Treoir seo mar bhunús dlí chun sonraí breise den sórt sin a áireamh, áfach. | (6) Chun foráil a dhéanamh maidir le soiléireacht dhlíthiúil agus chun an t-aistriú gan uaim idir an Treoir seo agus Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadúnais tiomána a ráthú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann sonraí pearsanta breise a stóráil ar mhicrishlis, má dhéantar foráil maidir leis sin leis an dlí náisiúnta lena gcomhlíontar Rialachán (AE) 2016/679. ***In aon chás, níor cheart aon sonraí a stóráiltear ar mhicrishlis den sórt sin a choinneáil ach amháin go dtí deireadh thréimhse bhailíochta an cheadúnais tiomána.*** Ní fheidhmíonn an Treoir seo mar bhunús dlí chun sonraí breise den sórt sin a áireamh, áfach. |
| [54]Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána (IO L 403, 30.12.2006, lch. 18). | [54]Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána (IO L 403, 30.12.2006, lch. 18). |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Ba cheart go n-áiritheofaí leis an gceadúnas tiomána soghluaiste an leibhéal is airde slándála do na sonraí pearsanta a úsáidtear le haghaidh sainaithint agus fíordheimhniú beag beann ar shonraí den sórt sin a bheith á stóráil go háitiúil, i mórleabhair dhíláraithe nó ar réitigh néalbhunaithe,*** |

***agus na leibhéil éagsúla riosca á gcur san áireamh. D'ainneoin go bhfuil gá le fíordheimhniú láidir úsáideora, níor cheart réamhchoinníoll a dhéanamh d'úsáid na bithmhéadrachta chun sonraí pearsanta a shainaithint agus a fhíordheimhniú chun an ceadúnas tiomána soghluaiste a úsáid. Níor cheart sonraí bithmhéadracha a úsáidtear chun duine nádúrtha a fhíordheimhniú de bhun Rialachán (AE) 2016/679 a stóráil trí úsáid a bhaint as réitigh néalbhunaithe gan toiliú sainráite an úsáideora. Ba cheart úsáid sonraí bithmhéadracha a theorannú do chásanna sonracha a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán seo, agus tá gá le bearta eagraíochtúla agus slándála, i gcomhréir leis an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint le próiseáil den sórt sin do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha agus i gcomhréir le Rialachán 2016/679.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Tá an t-aistriú digiteach ar cheann de thosaíochtaí an Aontais. I gcás iompar de bhóthar, rannchuideofar leis na bacainní riaracháin atá fós ann a bhaint, amhail na bacainní sin a bhaineann le fad ceadúnais tiomána fhisiceacha a eisiúint, ar bacainní ar shaorghluaiseacht daoine iad. Dá bhrí sin, ba cheart caighdeán ar leith de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh na gceadúnas tiomána móibíleach a eisítear laistigh den Aontas. Chun claochlú digiteach a éascú, ba cheart ceadúnais tiomána mhóibíleacha a eisiúint mar | (10) Tá an t-aistriú digiteach ar cheann de thosaíochtaí an Aontais. I gcás iompar de bhóthar, rannchuideofar leis na bacainní riaracháin atá fós ann a bhaint, amhail na bacainní sin a bhaineann le fad ceadúnais tiomána fhisiceacha a eisiúint, ar bacainní ar shaorghluaiseacht daoine iad. Dá bhrí sin, ba cheart caighdeán ar leith de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh na gceadúnas tiomána móibíleach a eisítear laistigh den Aontas. Chun an claochlú digiteach a éascú, ba cheart ceadúnais tiomána shoghluaiste a eisiúint sa bhreis |

| | |
|---|---|
| réamhshocrú ón [dáta glactha + 4 bliana], gan dochar do cheart an iarratasóra ceann fisiceach nó an dá cheann a fháil an tráth céanna. | ar an gceadúnas tiomána fisiciúil ón... [dáta glactha+ 4 bliana], gan dochar do cheart an iarratasóra ceann fisiciúil nó digiteach a thréigean. ***Ba cheart go mbeadh an ceart ag an iarratasóir formáid an cheadúnais tiomána a fháil tráth ar bith, ar formáid í a thréig sé nó sí ar dtús. Ba cheart go leanfadh cur chuige lánroghnach de bheith ina riail, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh rochtain chomhionann ag iarratasóirí ar an bhformáid fhisiciúil agus mhóibíleach ó thaobh na heacnamaíochta agus na hoibríochta de. Dá bhrí sin, níor cheart aon díspreagadh a dhéanamh maidir le ceadúnas tiomána*** fisiciúil ***a roghnú, agus go háirithe, ba cheart d'iarratasóirí nach bhfuil in ann nó nach bhfuil toilteanach ceadúnas tiomána móibíleach a fháil leanúint de rochtain a bheith acu ar cheadúnas tiomána fisiciúil. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an ceadúnas tiomána fisiciúil a eisiúint nó a atheisiúint gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 2 sheachtain ón dáta a iarradh é.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Ba cheart an fhaisnéis a thuairiscítear ar an gceadúnas tiomána fisiceach a bheith ar an gceadúnas tiomána móibíleach ach, chomh maith leis sin, ba cheart faisnéis lenar féidir barántúlacht na sonraí a fhíorú agus pointeoir aon úsáide a bheith ann. Mar sin féin, ba cheart a áirithiú, fiú i gcásanna den sórt sin, go mbeidh an méid sonraí | (11) Ní hamháin gur cheart an fhaisnéis a thuairiscítear ar an gceadúnas tiomána fisiciúil a bheith sa cheadúnas tiomána móibíleach, ach ba cheart faisnéis a bheith ann freisin lenar féidir barántúlacht na sonraí agus pointeoir aon úsáide a fhíorú. Mar sin féin, ba cheart a áirithiú, fiú i gcásanna den sórt sin, go bhfuil an méid sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil |

| | |
|---|---|
| pearsanta a chuirfear ar fáil teoranta don mhéid a thuairisceofaí ar an gceadúnas tiomána fisiceach agus don mhéid a mbeadh fíorghá leis chun barántúlacht na sonraí sin a fhíorú. Ba cheart na sonraí breise sin a bheith éagsúil i gcás ina bhfuil roinnt ceadúnas tiomána móibíleach ag duine, rud a d’fhéadfadh a bheith ann ar choinníoll gurb é an Ballstát céanna a eisíonn iad. | teoranta don mhéid a thuairisceofaí ar an gceadúnas tiomána fisiceach agus don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun barántúlacht na sonraí sin a fhíorú, go háirithe ríomhshíniú an údaráis eisiúna. Ba cheart na sonraí breise sin a bheith éagsúil i gcás ina bhfuil roinnt ceadúnas tiomána móibíleach ag duine, rud a d’fhéadfadh a bheith ann ar choinníoll gurb é an Ballstát céanna a eisíonn iad. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Sa Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, leagtar amach fís don Aontas chun feabhas suntasach a chur ar inbhuanaitheacht na soghluaisteachta agus an iompair. Áirítear ar na hastaíochtaí ó earnáil an iompair de bhóthar astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailleáin aeir, fuaim agus micreaphlaistigh ó chaitheamh bonn agus bóithre. Bíonn tionchar ag stíl tiomána ar na hastaíochtaí sin, agus d’fhéadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aici ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine. Dá bhrí sin, le hoiliúint tiomána, ba cheart tiománaithe a fheistiú chun a dtionchar ar astaíochtaí a laghdú agus chun iad a ullmhú chun feithiclí astaíochtaí nialasacha a thiomáint. | (12) Sa Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, leagtar amach fís don Aontas chun feabhas suntasach a chur ar inbhuanaitheacht na soghluaisteachta agus an iompair. Áirítear ar na hastaíochtaí ó earnáil an iompair de bhóthar astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailleáin aeir, fuaim agus micreaphlaistigh ó chaitheamh bonn agus bóithre. ***Tá láithreacht níos mó feithiclí breosla ionadúil ríthábhachtach don aistriú glas. Ba cheart an fhéidearthacht go gcuirfí samhlacha nua de réir meáchain níos mó ar fáil i gcatagóirí ceadúnais tiomána B, C nó D a chur san áireamh sa Treoir seo.*** Bíonn tionchar ag stíl tiomána ar na hastaíochtaí sin, agus d’fhéadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aici ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine. Dá bhrí sin, le hoiliúint tiomána agus tástáil tiomána, ba cheart tiománaithe a chumasú chun a dtionchar ar astaíochtaí a laghdú, lena n-áirítear trí thiomáint éiceolaíoch, agus chun iad a ullmhú chun feithiclí |

astaíochtaí ísle nó astaíochtaí nialasacha a thiomáint.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Tá baol ann go gcuirfidh na difríochtaí náisiúnta nó réigiúnacha maidir le haicmiú otharcharranna agus na catagóirí ceadúnas is gá chun feithiclí den sórt sin a thiomáint isteach ar chúrsaíocht trasteorann nó ar chúrsaíocht laistigh den Bhallstát céanna. Dá bhrí sin, ba cheart otharcharranna a bheith faoi réir cóireáil speisialta faoin Treoir seo. Ba cheart, dá bhrí sin, cead a bheith aige otharcharranna le ceadúnas tiomána de chatagóir B a thiomáint ar fud an Aontais, ar choinníoll nach mó mais údaraithe an otharchairr ná 4 250 kg, 2 bhliain tar éis ceadúnas tiomána do chatagóir B a eisiúint den chéad uair.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Tá ról lárnach ag modhanna iompair aonair maidir le riachtanais soghluaisteachta na milliún saoránach Eorpach a chomhlíonadh, go háirithe i*** |

***gceantair thuaithe agus i gcás daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Mar sin féin, i gcásanna áirithe is bacainn é inacmhainneacht ceadúnais tiomána. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar bhonneagar iomchuí a fhorbairt i gceantair uirbeacha, pheirea-uirbeacha agus thuaithe, ar bonneagar é a bhfuil gá leis chun timpistí bóthair agus plódú tráchta a laghdú, chomh maith le beartais agus scéimeanna tacaíochta spriocdhírithe dóibh siúd atá i mbaol bochtaineachta iompair.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas an 13 Nollaig 2006, a bhfuil an tAontas ina Pháirtí ann ón 21 Eanáir 2011, ba cheart forálacha sonracha a ghlacadh chun é a dhéanamh níos éasca do dhaoine faoi mhíchumas feithiclí a thiomáint. Chuige sin, le réamhthoiliú ón gCoimisiún, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit cineálacha sonracha feithiclí cumhacht-thiomáinte a eisiamh ó chur i bhfeidhm Airteagal 6. | (15) I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas an 13 Nollaig 2006, a bhfuil an tAontas ina Pháirtí ann ón 21 Eanáir 2011, ba cheart forálacha sonracha a ghlacadh chun é a dhéanamh níos éasca do dhaoine faoi mhíchumas feithiclí a thiomáint. ***Thairis sin, ní mór do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, beag beann ar a gcumas feithicil a thiomáint, leas a bhaint as a gcearta soghluaisteachta chun bochtaineacht iompair a chosc. Chun éifeacht a thabhairt do na cearta soghluaisteachta sin, d'fhéadfadh sé go n-úsáidfí feithiclí aonair nó comhchoiteanna oiriúnaithe, lena n-áirítear gnéithe nó trealamh speisialta, agus bonneagar iomchuí, lena n-áirítear i gceantair thuaithe.*** Chuige sin, le réamhthoiliú ón gCoimisiún, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit cineálacha sonracha feithiclí cumhacht-thiomáinte a |

| | |
|---|---|
| | eisiamh ó chur i bhfeidhm Airteagal 6. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart aoiseanna íosta na n-iarratasóirí le haghaidh na gcatagóirí éagsúla ceadúnas tiomána a shocrú ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit teorainn aoise níos airde a shocrú chun catagóirí áirithe feithiclí a thiomáint d'fhonn an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn tuilleadh. In imthosca eisceachtúla, ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit teorainneacha aoise níos ísle a shocrú chun dálaí náisiúnta a chur san áireamh. Go háirithe, chun foráil a dhéanamh maidir le tiomáint fheithiclí na seirbhíse dóiteáin agus feithiclí a bhaineann leis an ord poiblí a choinneáil ar bun nó i gcás scéimeanna píolótacha a bhaineann le teicneolaíochtaí nua feithiclí. | (16) Ba cheart aoiseanna íosta na n-iarratasóirí le haghaidh na gcatagóirí éagsúla ceadúnas tiomána a shocrú ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit teorainn aoise níos airde a shocrú chun catagóirí áirithe feithiclí a thiomáint d'fhonn an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn tuilleadh. Ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit ar bhonn eisceachtúil teorainneacha aoise níos ísle a shocrú chun imthosca náisiúnta a chur san áireamh. Go háirithe, chun tiomáint feithiclí na seirbhíse dóiteáin, na cosanta sibhialta, agus feithiclí a bhaineann le cothabháil an oird phoiblí, nó treoirthionscadail a bhaineann le teicneolaíochtaí nua feithiclí, a cheadú. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) Tá an tsoghluaisteacht ghníomhach, lena n-áirítear siúl agus úsáid rothar nó rothar leictreach agus modhanna iompair*** |

*éadroma eile amhail scútair leictreacha, ag éirí níos coitianta i bhfianaise an aistrithe ghlais. Is minice a bhíonn a n-úsáideoirí ag dul isteach i mbóithre na hEorpa agus á roinnt le modhanna iompair aonair eile. Is minic a úsáideann na húsáideoirí is óige, a úsáideann scútair leictreacha go háirithe, iad gan eolas ceart ar na noirm is infheidhme, toisc nach bhfuil ceadúnas tiomána faighte acu go fóill le haghaidh aon chatagóir. Mar thoradh air sin, tá méadú ag teacht ar líon na dtionóiscí ina mbíonn scútair leictreacha i gceist, agus coisithe agus úsáideoirí scútar leictreonach mar phríomhíospartaigh. I bhfianaise na ndúshlán foriomlán maidir le sábháilteacht ar bhóithre, ba cheart do na Ballstáit rialacha tráchta atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus oiliúint maidir le feasacht ar riosca a thabhairt isteach ina gcuraclaim scoile, d'fhonn sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Ba cheart go n-áiritheofaí leis sin eolas cuimsitheach forleathan ar bhearta sábháilteachta, amhail criosanna sábhála agus úsáid clogad, agus go háirithe rannpháirtíocht tráchta úsáideoirí soghonta bóithre, amhail coisithe, rothaithe nó úsáideoirí scútair leictreacha, agus an idirghníomhaíocht shábháilte le mótarfheithiclí. D'fhéadfadh na Ballstáit bearta agus scéimeanna breise a thabhairt isteach d'úsáideoirí feithiclí soghluaisteachta pearsanta d'fhonn tionóiscí tráchta a laghdú, rialacha sábháilteachta ar bhóithre agus feasacht riosca a fheabhsú.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16b) Is féidir le teaglaim d'aois íosta leordhóthanach le haghaidh ceadúnas i ngach catagóir, lena n-éascaítear neamhspleáchas soghluaisteachta tiománaithe óga agus rochtain thráthúil ar thiomáint ghairmiúil, agus coinníollacha níos déine do thiománaithe nuacheadúnaithe maidir le, inter alia, teorainneacha alcóil, dul chun tairbhe na sábháilteachta ar bhóithre.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16c) Ba cheart measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht tiománaí chun tiomáint go sábháilte ar bhonn critéar sonrach, agus riocht sláinte an tiománaí go háirithe á chur san áireamh. Ba cheart cinntí maidir le ceadúnais tiomána a shrianadh, a chur ar fionraí, a tharraingt siar nó a chur ar ceal a dhéanamh ar bhonn aonair agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar thorthaí oibiachtúla na scrúduithe agus na dtástálacha. Ba cheart aon chineál idirdhealaithe i gcoinne tiománaithe ceadúnaithe ar bhonn aoise amháin a bheith do-ghlactha.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16d) Is ionann an ceart chun ceadúnais tiomána agus ráthaíocht ar shaoirse gluaiseachta agus ar rannpháirtíocht sa saol eacnamaíoch agus sóisialta, go háirithe i gceantair thuaithe agus i limistéir nach bhfuil chomh huirbithe sin ina bhfuil gréasán teoranta iompair phoiblí. Go háirithe i gcás daoine scothaosta, daoine uaigneacha, daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó daoine faoi mhíchumas, is gné thábhachtach é an t-iompar aonair chun tacú lena bhfeidhmiú neamhspleách agus uathrialach. Ba cheart srianta ar an gceart ceadúnas tiomána a bheith ina seilbh a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla arna gcinneadh ar bhonn aonair agus níor cheart riosca idirdhealaithe a bheith i gceist leo.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart córas céimnithe a bhunú - is é sin an teidlíocht le haghaidh ceadúnas tiomána de chatagóir B a bhunú mar réamhriachtanas chun go mbeidh an t-iarratasóir incháilithe catagóirí áirithe eile a bheith aige nó aici - agus ba cheart coibhéisí idir catagóirí a bhunú. Ba cheart córas den sórt sin a bheith ina cheangal ar na Ballstáit uile, ach ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit é a chur i bhfeidhm idir a chéile ina gcríocha féin. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit | (17) Ba cheart córas céimnithe a bhunú — eadhon an teidlíocht ar cheadúnas tiomána de chatagóir B a bhunú mar réamhriachtanas chun go mbeidh an t-iarratasóir incháilithe catagóirí áirithe eile a shealbhú, agus ba cheart coibhéisí idir catagóirí a bhunú, lena n-áirítear íostréimhse taithí roimh incháilitheacht den sórt sin, i gcás inarb iomchuí. Ba cheart don chóras sin a bheith ina cheangal ar na Ballstáit uile, ach ba cheart dó an deis a thabhairt do na Ballstáit é a |

coibhéisí áirithe a bhunú atá teoranta dá gcríoch féin amháin.

chur i bhfeidhm eatarthu ina gcríocha faoi seach. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit coibhéisí áirithe a bhunú atá teoranta dá gcríoch féin amháin.

**Leasuithe 242 agus 305**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ar fhorais sábháilteachta ar bhóithre, is gá na ceanglais íosta a leagadh síos maidir le ceadúnas tiomána a eisiúint. Ba cheart na caighdeáin le haghaidh tástálacha tiomána agus ceadúnúcháin a chomhchuibhiú. Chuige sin, ba cheart an t-eolas, na scileanna agus an iompraíocht a bhaineann le tiomáint feithiclí cumhacht-thiomáinte a shonrú, ba cheart go mbeadh an tástáil tiomána bunaithe ar na coincheapa sin, agus ba cheart na caighdeáin íosta maidir le hoiriúnacht ***choirp agus mheabhrach*** chun feithiclí den sórt sin a thiomáint a shonrú. | (18) Ar fhorais sábháilteachta ar bhóithre, is gá na ceanglais íosta a leagadh síos maidir le ceadúnas tiomána a eisiúint. Ba cheart na caighdeáin le haghaidh tástálacha tiomána agus ceadúnúcháin a chomhchuibhiú. Chuige sin, ba cheart an t-eolas, na scileanna agus an iompraíocht a bhaineann le tiomáint feithiclí cumhacht-thiomáinte a shonrú, ba cheart go mbeadh an tástáil tiomána bunaithe ar na coincheapa sin, agus ba cheart na caighdeáin íosta maidir le hoiriúnacht chun feithiclí den sórt sin a thiomáint a shonrú. ***Ba cheart na cleachtais éagsúla atá in úsáid sna Ballstáit uile a chur san áireamh sna ceanglais sin.*** |

**Leasuithe 243 agus 306**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Faoi láthair, agus ceadúnais tiomána á n-eisiúint acu do ghrúpa 1, eadhon do thiománaithe feithiclí i gcatagóirí A, A1, A2, AM, B, B1 agus BE, tá seiceáil oiriúnachta de chineál éigin bunaithe ag formhór na mBallstát chun tiomáint, lasmuigh den tástáil radhairc. Féadfaidh an tseiceáil sin a bheith éagsúil ó fhoirm féinmheasúnaithe go scrúdú leighis, arna dhéanamh ag cleachtóir ginearálta nó ag dochtúir speisialtóireachta nó ag ionad tástála.*** |

***Agus ceadúnais tiomána do ghrúpa 1 á n-athnuachan, is beag Ballstát a bhfuil scrúdú leighis ag teastáil uathu. Is beag Ballstát atá a bhfuil sásra náisiúnta a bunaithe acu chun athruithe suntasacha ar oiriúnacht tiomána a thuairisciú. Go ginearálta, agus ceadúnais tiomána do ghrúpa 2 á n-eisiúint agus á n-athnuachan, eadhon i gcás tiománaithe feithiclí i gcatagóirí C, CE, C1, C1E, D, DE, D1 agus D1E, tá na ceanglais níos déine agus níos mionsonraithe, trí shainordú a thabhairt do scrúdú leighis.***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart cruthúnas a sholáthar ar chomhlíonadh caighdeáin íosta oiriúnachta coirp agus meabhraí i ndáil le tiomáint ag tiománaithe feithiclí a úsáidtear chun daoine nó earraí a iompar tráth eisiúna an cheadúnais tiomána agus go tréimhsiúil ina dhiaidh sin. Mar thoradh ar rialú rialta den sórt sin i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta maidir le comhlíonadh caighdeán íosta, rannchuideofaí le saorghluaiseacht daoine, seachnófar saobhadh ar an iomaíocht, agus cuirfear san áireamh ar bhealach níos fearr freagracht shonrach thiománaithe na bhfeithiclí sin. Ba cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit scrúduithe leighis a fhorchur mar dhearbhú ar chomhlíonadh caighdeáin íosta oiriúnachta coirp agus meabhraí chun feithiclí cumhacht-thiomáinte eile a thiomáint. Ar mhaithe leis an trédhearcacht, ba cheart scrúduithe den sórt sin a reáchtáil i gcomhthráth le | (19) Ba cheart cruthúnas a sholáthar ar chomhlíonadh caighdeáin íosta oiriúnachta coirp agus meabhraí i ndáil le tiomáint ag tiománaithe feithiclí a úsáidtear chun daoine nó earraí a iompar tráth eisiúna an cheadúnais tiomána agus go tréimhsiúil ina dhiaidh sin. Mar thoradh ar rialú rialta den sórt sin i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta maidir le comhlíonadh caighdeán íosta, rannchuideofaí le saorghluaiseacht daoine, seachnófar saobhadh ar an iomaíocht, agus cuirfear san áireamh ar bhealach níos fearr freagracht shonrach thiománaithe na bhfeithiclí sin. Ba cheart do na Ballstáit scrúduithe leighis a fhorchur mar dhearbhú ar chomhlíonadh caighdeán íosta oiriúnachta coirp agus meabhraí chun feithiclí cumhacht-thiomáinte eile a thiomáint. Ar mhaithe leis an trédhearcacht, ba cheart scrúduithe den sórt sin a reáchtáil i gcomhthráth le |

hathnuachan ceadúnais tiomána. | hathnuachan ceadúnais tiomána.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Chuidigh teicneolaíochtaí leighis nua le déanaí leis an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Tá teicneolaíochtaí lena n-íoslaghdaítear nó lena gcuirtear deireadh leis an riosca a bhaineann le tiomáint faoi dhálaí sonracha leighis tugtha isteach ar an margadh agus curtha chun feidhme i measc othar. Le teicneolaíochtaí faireacháin, amhail córais faireacháin leanúnaigh glúcóis (CGM) do dhaoine a bhfuil diaibéiteas mellitus orthu, is féidir le daoine a riochtaí leighis a rialú go héifeachtach agus go leanúnach, rud a chuireann deireadh leis an riosca tiomána a bhaineann lena ngalar. Ina theannta sin, tá teicneolaíochtaí amhail córais CGM á bhforbairt agus á bhfeabhsú go tapa faoi láthair lena n-áirithítear rialú feabhsaithe leanúnach ar riochtaí leighis agus, ar an gcaoi sin, an tsábháilteacht ar bhóithre a mhéadú.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19b) Sa rún uaithi an 23 Samhain 2022 maidir lediaibéiteas a chosc, a bhainistiú*** |

***agus cúram níos fearr a thabhairt ina leith san Aontas ar ócáid Lá Domhanda an Diaibéiteais[1a] d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil ábhartha maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus ar an reachtaíocht maidir le sábháilteacht ar bhóithre chun tuilleadh idirdhealaithe a sheachaint i gcoinne daoine a bhfuil diaibéiteas orthu.***

______________________

***[1a] IO C 167, 11.5.2023, lch. 36.***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Is féidir le cúrsaí athnuachana do thiománaithe a bhfuil taithí acu feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre trí fheasacht a mhúscailt agus trí cheangal a chur ar thiománaithe taithí bhreise a fháil ar réitigh theicneolaíocha nua amhail ardchórais cúnaimh tiománaí, córais leath-uathoibrithe agus uathoibrithe. Chun na críche sin, d'fhéadfadh úsáid insamhlóirí tiomána a bheith ríthábhachtach chun scileanna na dtiománaithe a bhfuil taithí acu a thabhairt cothrom le dáta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh ionsamhlóirí tiomána dálaí díobhálacha agus cásanna éigeandála a athchruthú agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar chumas an tiománaí freagairt agus cinntí a dhéanamh i gcásanna criticiúla.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 20 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20b) Tá oiliúint ar feadh an tsaoil ríthábhachtach chun scileanna tiománaithe a bhfuil taithí acu a choinneáil cothrom le dáta, go háirithe maidir le tiomáint éiceolaíoch, méadú ar mhais na bhfeithiclí, dul chun cinn leanúnach teicneolaíoch i gcórais chúnaimh tiománaí agus i ngléasanna uathoibrithe eile, agus foinsí cumhachta malartacha feithiclí. Ba cheart, dá bhrí sin, na Ballstáit a spreagadh chun modúil oiliúna a fhorbairt do thiománaithe a bhfuil taithí acu.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú cinneadh a ghlacadh lena sainaithnítear tríú tíortha a áirithíonn leibhéal inchomparáide sábháilteachta ar bhóithre atá ag an Aontas agus a thugann an deis do shealbhóirí ceadúnas arna eisiúint sna tíortha sin a gceadúnais tiomána a mhalartú ar théarmaí comhchosúla amhail is dá mba Bhallstát a d’eisigh iad. Ba cheart na coinníollacha sin a bheith mionsonraithe agus sainithe go maith do gach catagóir ceadúnais tiomána ábhartha. | (25) Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú cinneadh a ghlacadh lena sainaithnítear tríú tíortha a áirithíonn leibhéal inchomparáide sábháilteachta ar bhóithre atá ag an Aontas agus a thugann an deis do shealbhóirí ceadúnas arna eisiúint sna tíortha sin a gceadúnais tiomána a mhalartú ar théarmaí comhchosúla amhail is dá mba Bhallstát a d’eisigh iad. ***I ndáil leis sin, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún a mheas an bhfuil oiliúint ghairmiúil do thiománaithe, rialacha deimhniúcháin agus nósanna imeachta scrúdúcháin ag tríú tír, atá inchomparáide go hiomlán nó go páirteach leis an leibhéal san Aontas,*** |

***chun deimhniú a eisiúint ar deireadh atá inchomparáide leis an Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC). D'fhéadfadh sé sin cead a thabhairt do shealbhóirí na ndeimhnithe tríú tír sin iad a mhalartú le CPC Eorpach, ar choinníoll go dtabharfaidh siad faoi oiliúint bhreise inniúlachta. D'fhéadfadh deimhniú den sórt sin, de bhreis ar an gceadúnas tiomána, a bheith ar an dara ceanglas sainordaitheach go mbeadh tiománaithe gairmiúla in ann oibríochtaí iompair a dhéanamh le haghaidh gnóthas iompair atá bunaithe san Aontas.*** Ba cheart na coinníollacha sin a bheith mionsonraithe agus sainithe go maith do gach catagóir ceadúnais tiomána ábhartha.

**Leasú 310**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27a) Clúdaíonn Innealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é (NRMM) réimse leathan innealra a úsáidtear de ghnáth as an mbóthar ar go leor bealaí. Is éard atá ann, mar shampla, innealra tógála agus foraoiseachta (tochaltóirí, lódairí, ollscartairí, etc.), innealra talmhaíochta agus feirmeoireachta (buainteoirí, saothróirí, etc.). Níl feidhm ag an Treoir atá ann cheana maidir le hinnealra den sórt sin. Mar sin féin, tá sé faoi réir meascán d'fhorálacha náisiúnta maidir leis an gceadúnas tiomána is gá agus ceanglais oiliúna áirithe ós rud é go bhféadfadh sé scaipeadh ar bhóithre poiblí. Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú d'fhonn úsáid Innealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é ar fud an Aontais a éascú, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann, obair shéasúrach nó obair arna soláthar ag oibrithe ar postú. Ba cheart don*** |

***Choimisiún ardán comhair a bhunú trí iarraidh ar údaráis náisiúnta agus ar na geallsealbhóirí ábhartha eolas agus faisnéis a chomhiomlánú, a phróiseáil agus a scaipeadh maidir le dea-chleachtais do thiománaithe feithiclí úsáide speisialta amhail Innealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é i ngach Ballstát. Ba cheart plé an ardáin le haghaidh comhair a bheith mar bhonn don tuarascáil ón gCoimisiún maidir le héifeachtaí úsáid forálacha náisiúnta ar Innealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é agus a impleachtaí ar an margadh inmheánach agus ar shábháilteacht ar bhóithre. Féadfaidh togra reachtach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a bheith ag gabháil leis an tuarascáil seo, más iomchuí, d'fhonn úsáid Innealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é ar fud an Aontais a éascú.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ba cheart scéim tiomána tionlactha uile-Aontais a thabhairt isteach le haghaidh catagóirí áirithe ceadúnas tiomána, chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Le rialacha an chórais sin, ba cheart an deis a thabhairt d'iarratasóirí ceadúnais tiomána a fháil sna catagóirí ábhartha sula sroichfear an íosteorainn aoise is gá. Ba cheart, áfach, úsáid na gceadúnas tiomána sin a bheith faoi réir tiománaí a bhfuil taithí aige nó aici a bheith in éineacht leo. Sna cásanna sin, | (28) Ba cheart scéim tiomána tionlactha uile-Aontais a thabhairt isteach le haghaidh catagóirí ceadúnas tiomána B, C agus C1 chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Le rialacha an chórais sin, ba cheart an deis a thabhairt d'iarratasóirí ceadúnais tiomána a fháil sna catagóirí ábhartha sula sroichfear an íosteorainn aoise is gá. Ba cheart, áfach, úsáid na gceadúnas tiomána sin a bheith faoi réir tiománaí a bhfuil taithí aige nó aici a bheith in éineacht leo. Sna cásanna sin, |

| | |
|---|---|
| ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit, ar chúiseanna sábháilteachta ar bhóithre, coinníollacha agus rialacha níos déine a shainiú laistigh dá gcríoch maidir leis na ceadúnais tiomána atá eisithe acu. | ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit, ar chúiseanna sábháilteachta ar bhóithre, coinníollacha agus rialacha níos déine a shainiú laistigh dá gcríoch maidir leis na ceadúnais tiomána atá eisithe acu. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Leis an scéim tiomána tionlactha, gan dochar dá sprioc fhoriomlán sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, ba cheart gairm an tiománaí trucailí a dhéanamh níos inrochtana agus níos tarraingtí do na glúnta óga, chun a bhféidearthachtaí ceirde a leathnú, agus chun cabhrú le dul i ngleic leis an nganntanas tiománaithe laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart ceadúnais tiomána chatagóir C agus a gceadúnais réamhriachtanais chatagóir B a chumhdach leis. | (29) Leis an scéim tiomána tionlactha, gan dochar dá sprioc fhoriomlán sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, ba cheart gairm an tiománaí trucailí a dhéanamh níos inrochtana agus níos tarraingtí do na glúnta óga, chun a bhféidearthachtaí ceirde a leathnú, agus chun cabhrú le dul i ngleic leis an nganntanas tiománaithe laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart ceadúnais tiomána chatagóirí C agus C1 agus a gceadúnais réamhriachtanais chatagóir B a chumhdach leis. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Ba cheart an chomhpháirtíocht idir gairmscoileanna agus cuideachtaí iompair agus lóistíochta a dhreasú, lena n-áirítear trí thacaíocht bhuiséadach*** |

***shonrach ón Aontas agus trí úsáid ioncaim arna chur in áirithe faoi Threoir 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], chun dul i ngleic le ganntanas tiománaithe gairmiúla san Aontas. Leis an gcomhpháirtíocht sin, ba cheart deis a thabhairt do thiománaithe gairmiúla amach anseo a bheith níos eolaí ar shochair agus ar dhúshláin na gairme, feabhas a chur ar a scileanna oibríochtúla agus eagraíochtúla agus taithí a fháil, agus ardteicneolaíochtaí agus ardteicnící á n-úsáid ag an am céanna. D'fhéadfaí a áireamh i bhfoirm na tacaíochta sin, i measc nithe eile, cómhaoiniú ón Aontas chun cáilíochtaí áirithe a fháil amhail CPC nó oiliúint thiomnaithe do thiománaithe amach anseo.***

______________

***[1a] IO L 68, 13.3.2015, lch. 9. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/413/oj***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Ba cheart a áirithiú nach gcuirfidh tiománaithe a fhaigheann a gceadúnas tiomána nua i gcatagóir ar leith sábháilteacht ar bhóithre i mbaol mar gheall ar a neamhthaithí. I gcás na dtiománaithe nuacheadúnaithe sin, ba cheart tréimhse phromhaidh 2 bhliain a bhunú, ar lena linn ba cheart iad a chur faoi réir rialacha níos déine agus pionóis ar fud an Aontais agus iad á mbriseadh, mar gheall ar thionchar an alcóil. Ba cheart na | (30) Ba cheart a áirithiú nach gcuirfidh tiománaithe a fhaigheann a gceadúnas tiomána nua i gcatagóir ar leith sábháilteacht ar bhóithre i mbaol toisc go bhfuil taithí acu. I gcás na dtiománaithe nuacheadúnaithe sin, ba cheart tréimhse phromhaidh dhá bhliain ar a laghad a bhunú. I gcás ina bhfuil ceadúnas tiomána bailí cheana féin ag tiománaí nuacheadúnais do chatagóir eile, níor cheart go n-áireofaí sa tréimhse |

pionóis ar iompraíocht den sórt sin a bheith éifeachtach, comhréireach, athchomhairleach agus neamh-idirdhealaitheach agus ba cheart a dhéine atá siad a chur san áireamh, a mhéid is féidir, i spriocanna meántéarmacha agus fadtéarmacha an Aontais maidir le básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú faoina leath agus beagnach a dhíothú. A mhéid a bhaineann le haon srianta eile ar thiománaithe nuacheadúnaithe, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit rialacha breise a chur chun feidhme gan bhac ina gcríoch.

phromhaidh ach an méid a d'fhéadfadh a bheith fágtha de thréimhse phromhaidh an cheadúnais tiomána atá ann cheana, ach níor cheart go mbeadh sí níos giorra ná 6 mhí. Le linn na tréimhse sin, ba cheart rialacha agus pionóis níos déine a chur ar thiománaithe agus iad á mbriseadh, mar shampla, mar gheall ar thionchar alcóil nó drugaí, ar luas, ar úsáid feithiclí neamhúdaraithe, ar mhainneachtain trealamh sábháilteachta a úsáid, nó ar thiomáint gan ceadúnas tiomána bailí. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar na húdaráis forfheidhmithe tairseach theicniúil neamhfhulaingthe a bhunú le haghaidh a dtomhas éifeachtach, tairseach nár cheart a bheith níos airde ná 0.2 g/mL, chun nochtadh tionóisceach d'alcól a chur san áireamh. Ba cheart na pionóis ar iompraíocht den sórt sin a bheith éifeachtach, comhréireach, athchomhairleach agus neamh-idirdhealaitheach agus ba cheart a dhéine atá siad a chur san áireamh, a mhéid is féidir, i spriocanna meántéarmacha agus fadtéarmacha an Aontais maidir le básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú faoina leath agus beagnach a dhíothú. A mhéid a bhaineann le haon srianta eile ar thiománaithe nuacheadúnaithe, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit rialacha breise a chur chun feidhme gan bhac ina gcríoch.

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart caighdeáin íosta maidir le rochtain ar ghairm an scrúdaitheora agus | (31) Ba cheart íoschaighdeáin a bhunú maidir le rochtain ar ghairm an |

riachtanais oiliúna scrúdaitheoirí a bhunú chun eolas agus scileanna scrúdaitheoirí a fheabhsú lena n-áiritheofar meastóireacht níos oibiachtúla ar iarratasóirí ar cheadúnais tiomána agus lena mbainfear amach comhchuibhiú níos mó i dtástálacha tiomána. Thairis sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na caighdeáin íosta sin a leasú agus a oiriúnú d'aon fhorbairtí teicniúla, oibríochtúla nó eolaíocha sa réimse seo i gcás ina mbeidh gá leis.

scrúdaitheora agus na gceanglas oiliúna scrúdaitheoirí chun feabhas a chur ar eolas agus scileanna scrúdaitheoirí, lena n-áirítear oiliúint ar bhraistint guaise, agus ar an gcaoi sin meastóireacht níos oibiachtúla ar iarratasóirí ar cheadúnais tiomána a áirithiú agus comhchuibhiú níos fearr ar thástálacha tiomána a bhaint amach. Thairis sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na caighdeáin íosta sin a leasú agus a oiriúnú d'aon fhorbairtí teicniúla, oibríochtúla nó eolaíocha sa réimse seo, lena n-áirítear ardchórais nua cúnta tiománaí, i gcás ina mbeidh gá leis.

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ba cheart coincheap an ghnáthchónaithe a shainiú, ar bhealach lena bhféadfar saincheisteanna a thagann chun cinn a réiteach i gcás nach féidir gnáthchónaí a bhunú ar bhonn naisc cheirde nó teaghlaigh. Is gá freisin foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht d'iarratasóirí na tástálacha teoiriciúla nó praiticiúla a dhéanamh i mBallstát a náisiúntachta i gcás nach dtugann a mBallstát gnáthchónaithe an deis na tástálacha sin a dhéanamh i dteanga oifigiúil an Bhallstáit sin. Ba cheart rialacha sonracha a leagan síos do thaidhleoirí agus dá dteaghlaigh, i gcás ina gceanglaíonn a misean orthu cónaí thar lear ar feadh tréimhse fhada ama. | (32) Ba cheart coincheap an ghnáthchónaithe a shainiú, ar bhealach lena bhféadfar saincheisteanna a thagann chun cinn a réiteach i gcás nach féidir gnáthchónaí a bhunú ar bhonn naisc cheirde nó teaghlaigh. Is gá freisin foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht d'iarratasóirí na tástálacha teoiriciúla nó praiticiúla a dhéanamh i mBallstát a náisiúntachta i gcás nach dtugann a mBallstát gnáthchónaithe an deis na tástálacha sin a dhéanamh i dteanga oifigiúil an Bhallstáit sin. D'fhéadfaí rialacha sonracha a bhunú do thaidhleoirí agus dá dteaghlaigh, i gcás ina gceanglaíonn a misean orthu cónaí thar lear ar feadh tréimhse fhada ama, ar choinníoll nach mbeidh rioscaí breise don tsábháilteacht ar bhóithre ag baint leis sin. |

**Leasuithe 247 agus 311**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35a) Agus an t-athbhreithniú ar an Treoir seo á ullmhú, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh a mhéid is féidir go bhfuil dúshláin gheografacha agus shochaíocha éagsúla ag na Ballstáit a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt orthu agus iad ag iarraidh sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Go deimhin, cé go bhfuil sé mar aidhm ag roinnt Ballstát rialacha maidir le trácht ar bhóithre a fhorfheidhmiú trí na córais pointí díchumais, mar a thugtar orthu, tá modhanna éagsúla á roghnú ag Ballstáit eile, amhail smachtbhannaí níos déine a fhorchur láithreach nó iarracht níos mó a dhíriú ar fheachtais spriocdhírithe forfheidhmithe agus choisc. Thairis sin, ba cheart a chur san áireamh freisin gur féidir le córais pointí díchumais iad féin a bheith an-difriúil idir na Ballstáit a roghnaíonn iad a chur i bhfeidhm. Mar sin, ba cheart acmhainní agus aird a dhíriú ar bhearta eile, ar féidir leo sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú, agus ag an am céanna ligean do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar a ndúshláin éagsúla ar bhealaí a chreideann siad a bheith ar na bealaí is éifeachtúla.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 35 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35b) Ba cheart do na Ballstáit sonraí a roinnt go cothrom maidir lena ndea-chleachtais i ndáil le bearta sábháilteachta ar bhóithre agus le hoiliúint feasachta riosca, go háirithe a mhéid a bhaineann le tiománaithe nuacheadúnais agus laistigh den oiliúint ar feadh an tsaoil, maidir le córas tacaíochta a úsáid in aghaidh an aoisghrúpa trí idirghabhálacha aiseolais le cruthúnas rannpháirtíochta agus moltaí arna soláthar ag teagascóir tiomána, síceolaí tráchta nó scrúdaitheoir tiomána, chomh maith le bearta chun sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú i measc úsáideoirí soghonta bóithre.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) I gcomhthéacs digitithe de réir a chéile agus uathoibrithe agus na gceanglas maidir le astaíochtaí iompair de bhóthar a laghdú, chomh maith le comhthéacs dhul chun cinn teicneolaíoch leanúnach feithiclí cumhacht-thiomáinte, is gá na tiománaithe uile a choinneáil cothrom le dáta maidir le heolas ar shábháilteacht ar bhóithre agus inbhuanaitheacht. D'fhéadfadh cur chun cinn na hoiliúna ar feadh an tsaoil a bheith ríthábhachtach chun scileanna tiománaithe a bhfuil taithí acu a choinneáil cothrom le dáta i dtéarmaí sábháilteachta ar bhóithre, teicneolaíochtaí nua, éiceathiomáint, rud a | (37) I gcomhthéacs digitiú agus uathoibriú de réir a chéile, ceanglais laghdaithe astaíochtaí an iompair de bhóthar atá níos déine ná riamh, chomh maith le dul chun cinn leanúnach teicneolaíoch feithiclí cumhacht-thiomáinte, is gá gach tiománaí a choinneáil cothrom le dáta ó thaobh eolais faoi theicneolaíochtaí nua, sábháilteacht ar bhóithre agus inbhuanaitheacht. Ba cheart do na Ballstáit iarracht a dhéanamh oiliúint ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do thiománaithe agus freastal ar chúrsaí tiomána sábháilte a dhreasú, lena n-áirítear trí idirghabhálacha aiseolais le |

| | |
|---|---|
| chuireann feabhas ar éifeachtúlacht breosla, agus a laghdaíonn astaíochtaí, agus i dtéarmaí bainistíochta luais. | cruthúnas rannpháirtíochta agus moltaí arna soláthar ag teagascóir tiomána, síceolaí tráchta nó scrúdaitheoir tiomána, ar féidir leo rannchuidiú le soghluaisteacht níos cuimsithí. D'fhéadfadh sé sin a bheith ríthábhachtach chun scileanna tiománaithe a bhfuil taithí acu a choinneáil cothrom le dáta maidir le sábháilteacht ar bhóithre, teicneolaíochtaí nua, tiomáint éiceolaíoch, lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht breosla agus lena laghdaítear astaíochtaí, agus bainistiú luais. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) gnéithe áirithe is infheidhme maidir le tiománaithe nuacheadúnaithe. | (d) gnéithe áirithe is infheidhme inter alia maidir le tiománaithe nuacheadúnaithe. |

**Leasú 312**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le f***eithiclí cumhacht-thiomáinte a ghluaiseann ar rothaí nó ar ráillí, ag a bhfuil dhá acastóir ar a laghad, a mbaineann a phríomhfheidhm lena gcumhacht tarraingthe***, atá deartha go speisialta ***chun uirlisí, innealra nó leantóirí áirithe a bhrú, a tharraingt, a iompar nó a fheidhmiú i ndáil le hoibríochtaí talmhaíochta nó*** | 2. ***Gan dochar d'Airteagail 12a agus 20 den Treoir seo ná do cheart na mBallstát catagóirí náisiúnta a chur leis na ceadúnais tiomána a eisíonn siad i gcomhréir le hIarscríbhinn I***, níl feidhm ag an Treoir seo maidir le ***hinnealra soghluaiste féinghluaiste a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/42/CE***, a dheartar ***nó a thógtar chun obair a dhéanamh, amhail innealra soghluaiste*** |

| | |
|---|---|
| ***foraoiseachta, agus nach bhfuil ina n-úsáid chun daoine nó earraí a iompar de bhóthar nó chun feithiclí a úsáidtear chun daoine nó earraí a iompar a tharraingt*** ar an ***mbóthar ach feidhm thánaisteach***. | ***nach innealra bóthair é mar a shainmhínítear sa [Rialachán*** maidir le ***hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é a cheadú agus faireachas margaidh a dhéanamh air ag gluaiseacht ar bhóithre poiblí agus lena leasaítear Rialachán (2023/0090(COD)].*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'ceadúnas tiomána' doiciméad leictreonach nó fisiceach lena ndeimhnítear an ceart feithiclí cumhacht-thiomáinte a thiomáint agus ina sonraítear na coinníollacha faoina bhfuil an sealbhóir údaraithe tiomáint; | (1) ciallaíonn 'ceadúnas tiomána' doiciméad lena ndeimhnítear an ceart feithiclí cumhacht-thiomáinte a thiomáint agus ina sonraítear na coinníollacha faoina bhfuil an sealbhóir údaraithe tiomáint, bíodh sé i bhformáid fhisiciúil nó dhigiteach, nó sa dá fhormáid sin; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) ciallaíonn 'otharcharr' feithicil de chatagóir M atá ceaptha chun daoine breoite nó gortaithe a iompar agus a bhfuil trealamh speisialta aici chun na*** |

| | |
|---|---|
| | ***críche sin, dá dtagraítear faoi 'Critéir le haghaidh catagóiriú feithiclí', 'feithiclí sainchuspóireacha', in Iarscríbhinn I, Cuid A, pointe 5.3. a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a];*** |
| | ***__________________*** |
| | ***[1a] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11b) ciallaíonn 'mótarcharbhán' catagóir feithicle M ina bhfuil ionad cóiríochta cónaithe ina bhfuil suíocháin agus bord, leapacha ar leithligh nó fillte, saoráidí cócaireachta chomh maith le cófraí agus spás stórála, a mbeidh gach ceann díobh daingnithe go docht den urrann chónaithe, dá dtagraítear faoi 'Critéir le haghaidh catagóiriú feithiclí', 'Feithiclí sainchuspóireacha', in Iarscríbhinn I, cuid A pointe 5.1 a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858;*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11c)*** ciallaíonn 'feithicil a úsáideann breoslaí malartacha'[1a] mótarfheithicil a chumhachtaítear go hiomlán nó go páirteach le breosla malartach, agus atá formheasta, de bhun Rialachán (AE) 2018/858; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe 11 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11d) ciallaíonn 'breoslaí malartacha' breoslaí nó foinsí cumhachta a fhónann, go páirteach ar a laghad, in ionad foinsí ola iontaise sa soláthar fuinnimh don iompar agus a bhfuil sé d'acmhainn acu cur lena dhícharbónú agus feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil na hearnála iompair ina bhfuil na nithe seo a leanas:*** <br> ***(a) leictreachas a thomhlaítear i ngach cineál feithicle leictrí;*** <br> ***(b) hidrigin;*** <br> ***(c) gás nádúrtha, lena n-áirítear bithmheatán, i bhfoirm ghásach (Gás Nádúrtha Comhbhrúite — GNC) agus i bhfoirm leachtaithe (Gás Nádúrtha Leachtaithe — GNL);*** <br> ***(d) Gás Peitriliam Leachtaithe (GPL);*** |

*(e) fuinneamh meicniúil ó stóráil ar bord/ó fhoinsí ar bord, lena n-áirítear dramhtheas;*

*(f) aon 'breosla $CO_2$ neodrach' eile a chialaíonn gach breosla a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001 i gcás inar féidir glacadh leis go bhfuil astaíochtaí an bhreosla atá in úsáid (eu) glan-nialasach, rud a chiallaíonn, mar shampla, gur de thionscnamh bithghineach é coibhéis $CO_2$ an charbóin a ionchorpraítear i gcomhdhéanamh ceimiceach an bhreosla atá in úsáid (eu) agus/nó gur gabhadh é, ionas nach mbeadh sé á astú mar $CO_2$ san atmaisféar, nó gur gabhadh é ón aer comhthimpeallach lena n-áirítear:*

*(i) breoslaí in-athnuaite agus/nó sintéiseacha, amhail bithbhreosla, bithghás, breosla bithmhaise, breosla iompair leachtach agus gásach in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBO) nó breosla carbóin athchúrsáilte (RCF);*

*(ii) féadfaidh breoslaí eile nach liostaítear i dTreoir (AE) 2018/2001 teacht faoi réir bhrí breosla atá neodrach ó thaobh $CO_2$ de ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir sin agus critéir inbhuanaitheachta na Treorach sin agus na ngníomhartha tarmligthe gaolmhara; agus*

*(iii) measfar gur breosla atá neodrach ó thaobh $CO_2$ é meascán de dhá bhreosla atá neodrach ó thaobh $CO_2$ nó níos mó;*

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Faoin [dáta glactha + 4 bliana], áiritheoidh na Ballstáit nach n-eiseofar ach ceadúnais tiomána mhóibíleacha mar réamhshocrú. Go dtí an dáta sin, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ceadúnais tiomána mhóibíleacha a eisiúint. | 4. Faoin... [dáta glactha+ 4 bliana], áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar ceadúnas tiomána móibíleach agus ceadúnas tiomána fisiciúil araon d'iarratasóirí mar réamhshocrú. Go dtí an dáta sin, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ceadúnais tiomána mhóibíleacha a eisiúint. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. De mhaolú ar mhír 4, arna iarraidh sin don iarratasóir, tabharfaidh na Ballstáit an deis ceadúnas tiomána fisiceach a eisiúint in ionad ceadúnas tiomána móibíleach nó in éineacht leis. | 5. De mhaolú ar mhír 4, déanfaidh na Ballstáit foráil do cheart d'iarratasóirí arna iarraidh sin dóibh ceadúnas tiomána fisiciúil nó digiteach a thréigean. ***Déanfaidh na Ballstáit iarrataí den sórt sin a éascú ó iarratasóirí, agus ní fhéachfaidh siad le tionchar a imirt orthu ar bhealach ar bith.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. De mhaolú ar mhír 5, tabharfaidh na Ballstáit an ceart d'iarratasóirí a*** |

***thréig ceann d'fhormáidí a gceadúnas tiomána dá dtagraítear i mír 4 eisiúint nó atheisiúint na formáide sin a tréigeadh. Cuirfear aon eisiúint nó atheisiúint formáide a tréigeadh ar fáil gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 2 sheachtain ó dháta na hiarrata ón iarratasóir.***

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 19 Eanáir 2030, go gcomhlíonfaidh gach ceadúnas tiomána fisiceach arna eisiúint nó i gcúrsaíocht ceanglais uile na Treorach seo. | 4. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 19 Eanáir 2033, go gcomhlíonfaidh gach ceadúnas tiomána fisiceach arna eisiúint nó i gcúrsaíocht ceanglais uile na Treorach seo. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh meán stórála (micrishlis) a thabhairt isteach mar chuid den cheadúnas tiomána fisiceach. I gcás ina gcinneann an Ballstát micrishlis a thabhairt isteach mar chuid dá gceadúnas tiomána fisiceach, féadfaidh sé a chinneadh freisin, i gcás ina bhforáiltear dó lena dlíthe náisiúnta a bhaineann le ceadúnais | Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh meán stórála (micrishlis) a thabhairt isteach mar chuid den cheadúnas tiomána fisiceach. I gcás ina gcinneann an Ballstát micrishlis a thabhairt isteach mar chuid dá gceadúnas tiomána fisiceach, féadfaidh sé a chinneadh freisin, i gcás ina bhforáiltear dó lena dlíthe náisiúnta a bhaineann le ceadúnais |

| | |
|---|---|
| tiomána, sonraí a stóráil ar an micrishlis atá sa bhreis ar an méid a shonraítear i gCuid D d'Iarscríbhinn I. | tiomána, sonraí a stóráil ar an micrishlis atá sa bhreis ar an méid a shonraítear i gCuid D d'Iarscríbhinn I. ***Déanfar an tréimhse choinneála do na sonraí pearsanta a stóráiltear sa mhicrishlis a ailíniú, nuair is féidir, le bailíocht an cheadúnais tiomána.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh na feidhmchláir sin bunaithe ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62] . | Beidh na hiarratais sin bunaithe ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62], agus ba cheart leibhéal iomchuí slándála do na feidhmchláir sin a áirithiú. |
| [62] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach, IO L 257, 28.8.2014, lch. 73 | [62] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach, IO L 257, 28.8.2014, lch. 73 |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh níos | Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh níos |

| | |
|---|---|
| mó sonraí ná mar a dtagraítear dóibh i gCuid D d'Iarscríbhinn I sna feidhmchláir leictreonacha, nó i gcás pointeoir a chur i bhfeidhm, nach gcuirfear níos mó ná na sonraí sin ar fáil. | mó sonraí ná mar a dtagraítear dóibh i gCuid D d'Iarscríbhinn I sna feidhmchláir leictreonacha. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit nach gcoinneoidh an fíoraitheoir na sonraí pearsanta is gá chun cearta tiomána shealbhóir an cheadúnais tiomána mhóibíligh a fhíorú agus nach ndéanann údarás eisiúna an cheadúnais tiomána an fhaisnéis a fhaightear trí fhógra a phróiseáil ach amháin chun freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhíorú. | Áiritheoidh na Ballstáit nach gcoinneoidh an fíoraitheoir na sonraí pearsanta is gá chun cearta tiomána shealbhóir an cheadúnais tiomána mhóibíligh a fhíorú agus nach ndéanann údarás eisiúna an cheadúnais tiomána an fhaisnéis a fhaightear trí fhógra a phróiseáil ach amháin chun freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhíorú. ***Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 agus, i gcás inarb infheidhme, le Treoir 2002/58/CE, lena gcuirtear chun feidhme prionsabail an 'íoslaghdaithe sonraí', 'teorannú de réir cuspóra' agus 'cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú', go háirithe maidir le bearta teicniúla.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le liosta na gcóras náisiúnta ábhartha atá údaraithe chun sonraí agus pointí le haghaidh ceadúnais tiomána a eisiúint. Déanfaidh an Coimisiún, trí chainéal slán, liosta de chórais náisiúnta na mBallstát a chur ar fáil don phobal i bhfoirm ríomhshínithe nó ríomhshéalaithe a bheidh oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe. | 5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le liosta na gcóras náisiúnta ábhartha atá údaraithe chun sonraí le haghaidh ceadúnais tiomána a eisiúint. Déanfaidh an Coimisiún, trí chainéal slán, liosta de chórais náisiúnta na mBallstát a chur ar fáil don phobal i bhfoirm ríomhshínithe nó ríomhshéalaithe a bheidh oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Faoin [dáta glactha + 18 mí], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le hidir-inoibritheacht, slándáil agus tástáil ceadúnas tiomána móibíleacha, lena n-áirítear gnéithe fíorúcháin agus an comhéadan le córais náisiúnta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(2). | 7. Faoin... [dáta an ghlactha+ 18 mí], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le hidir-inoibritheacht, slándáil agus tástáil ceadúnas tiomána móibíleacha, lena n-áirítear gnéithe fíoraithe agus an comhéadan leis na córais náisiúnta agus na ceanglais is gá á gcur san áireamh chun a áirithiú go n-aithneoidh údaráis tríú tír na ceadúnais tiomána sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(2). |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Tabharfaidh an Coimisiún cúnamh ina leith sin do na Ballstáit ar cheart dóibh oibriú le chéile chun an ceadúnas tiomána móibíleach Eorpach a úsáid agus a aithint ar fud an domhain trí leasú a dhéanamh ar Choinbhinsiún na Ginéive um Thrácht ar Bhóithre an 19 Meán Fómhair, 1949, ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Mótariompar an 24 Aibreán 1926 agus ar Choinbhinsiún Vín um Thrácht ar Bhóithre an 8 Samhain, 1968.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe a – mír 2– fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – feithiclí dhá roth nó feithiclí trí rotha ag bhfuil uasluas dearaidh nach mó ná 45 km/h (seachas iad siúd ag a bhfuil uasluas dearaidh atá cothrom le 25 km/h nó faoina bhun); | – feithiclí dhá roth nó feithiclí trí roth nach mó ná 45 km/h a n-uasluas dearaidh agus nach mó ná 4 kW a nglanchumhacht uasta (seachas iad siúd a bhfuil uasluas dearaidh níos lú ná 25 km/h acu); |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe b – pointe i – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – gluaisrothair nach bhfuil toilleadh sorcóra níos mó ná 125 ceintiméadar ciúbach acu, nach bhfuil cumhacht níos mó ná 11 kW iontu agus nach bhfuil cóimheas cumhachta le meáchan níos mó ná 0,1 kW/kg acu; | – gluaisrothair nach mó ná 125 ceintiméadar ciúbach a dtoilleadh sorcóra, nach mó ná 11 kW a nglanchumhacht uasta agus nach mó a gcóimheas cumhachta/meáchain ná 0.1 kW/kg; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe b – pointe i – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – trírothaigh chumhachtaithe nach bhfuil cumhacht níos mó ná 15 kW iontu; | – trírothaigh chumhachtaithe a bhfuil glanchumhacht uasta nach mó ná 15 kW acu; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe b – pointe ii – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – gluaisrothair nach bhfuil cumhacht níos mó ná 35 kW iontu agus nach bhfuil cóimheas cumhachta le meáchan níos mó ná 0,2 kW/kg acu agus nach bhfuil díorthaithe ó fheithicil níos mó ná 70 kW. | – gluaisrothair nach mó a nglanchumhacht uasta ná 35 kW agus nach mó a gcóimheas cumhachta/meáchain ná 0.2 kW/kg agus nach bhfuil díorthaithe ó fheithicil níos mó ná 70 kW; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe b – pointe iii – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – trírothaigh chumhachtaithe a bhfuil cumhacht níos mó ná 15 kW acu; | – trírothaigh chumhachtaithe a bhfuil glanchumhacht uasta níos mó ná 15 kW acu; |
| | ***Gan dochar d'fhorálacha na rialacha cineálcheadaithe maidir leis na feithiclí lena mbaineann, féadfar mótarfheithiclí sna catagóirí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) a chomhcheangal le leantóir ag a bhfuil uasmhais údaraithe nach mó ná leath mheáchan mhais neamhualaithe na feithicle tarraingthe;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe c – pointe viii – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – mótarfheithiclí atá deartha agus tógtha chun líon nach mó ná 16 phaisinéir a iompar i dteannta an tiománaí agus nach mó iad ná 8 méadar ar fad ar a mhéad. | – mótarfheithiclí atá deartha agus tógtha chun níos mó ná 8 bpaisinéir agus nach mó ná 16 phaisinéir a iompar i dteannta an tiománaí agus nach mó ná 8 méadar a bhfad uasta. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le réamhthoiliú ón gCoimisiún, a dhéanfaidh measúnú ar thionchar an bhirt atá beartaithe maidir le sábháilteacht ar bhóithre, féadfaidh n a Ballstáit cineálacha sonracha áirithe feithiclí cumhacht-thiomáinte a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo, lena n-áirítear feithiclí speisialta le haghaidh daoine faoi mhíchumas. | Le comhaontú roimh ré ón gCoimisiún, a dhéanfaidh measúnú ar thionchar an bhirt atá beartaithe ar shábháilteacht ar bhóithre, féadfaidh na Ballstáit cineálacha sonracha áirithe feithiclí cumhacht-thiomáinte a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo, lena n-áirítear feithiclí speisialta do dhaoine faoi mhíchumas nó feithiclí a úsáidtear in earnáil na tógála a aicmítear inter alia mar innealra soghluaiste nach innealra bóthair iad. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) 16 bliana i gcás chatagóirí AM, A1 agus B1; | (a) 16 bliana i gcás chatagóirí AM***, A1, B1 agus T***; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) gan dochar do na himthosca a leagtar amach in Airteagal 6(1) de Threoir (AE) 2022/2561, 18 mbliana le haghaidh chatagóirí C, CE, D1 agus D1E, do thiománaithe gairmiúla a úsáideann ceadúnas tiomána go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar choinníoll go mbeidh Deimhniú um Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) acu;*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) gan dochar do na himthosca a leagtar amach in Airteagal 6(1) de Threoir (AE) 2022/2561, 21 bhliain do chatagóirí D agus DE, do thiománaithe gairmiúla a úsáideann ceadúnas tiomána go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar choinníoll go mbeidh Deimhniú um Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) acu.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás chatagóir B1, suas le 18 mbliana d'aois; | (b) i gcás chatagóir B1, suas le 18 mbliana d'aois; |
| | ***Ní fhéadfaidh na Ballstáit ceadúnas tiomána a eisiúint le haghaidh chatagóir B1 le haghaidh iarrthóir thar 21 bliain i gcás na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 9(4), an chéad fhomhír, pointe (c), agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa mhír sin.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) feithiclí arna n-úsáid ag an tseirbhís dóiteáin agus feithiclí arna n-úsáid chun an t-ord poiblí a choimeád; | (a) feithiclí arna n-úsáid ag an tseirbhís dóiteáin, cosaint shibhialta agus feithiclí arna n-úsáid chun an t-ord poiblí a choimeád; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh na Ballstáit aitheantas frithpháirteach a thabhairt ar a gcríoch do bhailíocht ceadúnas tiomána arna n-eisiúint do thiománaithe faoi na haoiseanna íosta mar a leagtar amach sa*** |

***mhír seo.***

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceadúnais tiomána a eisítear i gcomhréir le míreanna 2 agus 3, ní bheidh siad bailí ach amháin ar chríoch an Bhallstáit eisiúna go dtí go mbeidh an teorainn aoise íosta bainte amach ag sealbhóir an cheadúnais mar a leagtar amach i mír 1. | Ceadúnais tiomána a eisítear i gcomhréir le ***mír*** 2, ní bheidh siad bailí ach amháin ar chríoch an Bhallstáit eisiúna go dtí go mbeidh an teorainn aoise íosta bainte amach ag sealbhóir an cheadúnais mar a leagtar amach i mír 1. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***De mhaolú ar mhír 1, pointí (d) agus (e), den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil deimhniú ar inniúlacht ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2022/2561 ag iarrthóir, is í seo a leanas an aois íosta le haghaidh ceadúnas tiomána a eisiúint:*** | ***scriosta*** |
| (a) ***i gcás chatagóirí C agus CE, na haoiseanna íosta dá bhforáiltear in Airteagal 5(2), pointe (a)(i) de Threoir (AE) 2022/2561;*** | |
| (b) ***i gcás chatagóirí D1 agus D1E, na haoiseanna íosta dá bhforáiltear in*** | |

***Airteagal 5(3), pointe (a)(i), an dara fomhír, den Treoir sin;***

(c) ***i gcás chatagóirí D agus DE, na haoiseanna íosta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3), pointe (a)(i), an chéad fhomhír, Airteagal 5(3), pointí (a) agus (b), den Treoir sin.***

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceadúnais tiomána a eisiatar do dhuine atá faoi réir coinníoll amháin nó níos mó faoina bhfuil an duine sin údaraithe tiomáint, déanfaidh na Ballstáit na ceadúnais sin a mharcáil. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit cóid chomhfhreagracha an Aontais dá bhforáiltear i gCuid E d'Iarscríbhinn I. Féadfaidh siad cóid náisiúnta a úsáid freisin le haghaidh coinníollacha nach gcumhdaítear le Cuid E d'Iarscríbhinn I. | Ceadúnais tiomána a eisiatar do dhuine atá faoi réir coinníoll amháin nó níos mó faoina bhfuil an duine sin údaraithe tiomáint, déanfaidh na Ballstáit na ceadúnais sin a mharcáil. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit cóid chomhfhreagracha an Aontais dá bhforáiltear i gCuid E d'Iarscríbhinn I. Féadfaidh siad cóid náisiúnta a úsáid freisin le haghaidh coinníollacha nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn I, Cuid E, agus, i gcás ina ndéanann siad amhlaidh, tuairisceoidh siad an méid sin don Choimisiún gan mhoill, mar aon le mionsonraí faoi na cóid agus na cásanna ina n-úsáidtear iad, ar theacht i bhfeidhm |

| | |
|---|---|
| | na Treorach seo agus i gcás ina gcuirfear leis na cóid atá ann cheana [ina dhiaidh sin] nó ina ndéanfar modhnuithe ar na cóid sin. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) beidh ceadúnais arna n-eisiúint do chatagóir CE agus do chatagóir DE bailí do chatagóirí C agus D faoi seach;*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) beidh ceadúnais arna n-eisiúint do chatagóir C1E agus do chatagóir D1E bailí do chatagóirí C1 agus D1 faoi seach;*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) 2 bhliain tar éis ceadúnas tiomána a eisiúint den chéad uair, ar ceadúnas é a deonaíodh le haghaidh chatagóir B, beidh sé bailí i gcás tiomáint na bhfeithiclí breosla ionadúil dá dtagraítear in Airteagal 2 de ***Threoir 96/53/CE ón gComhairle***[63] ag a bhfuil mais údaraithe uasta os cionn 3 500 kg ach nach mó<br>ná 4 250 kg gan leantóir | (h) 2 bhliain tar éis eisiúint ceadúnais tiomána, a deonaíodh le haghaidh chatagóir B, den chéad uair, beidh sé bailí chun na feithiclí breosla ionadúil a thiomáint, dá dtagraítear in Airteagal 2 [11c] ***den Treoir seo le haghaidh chatagóirí M agus N a bhunaítear le Rialachán AE 2018/858***[63]***, atá ceaptha lena n-úsáid ar bhóithre poiblí, lena n-áirítear iad siúd a dearadh agus a tógadh i gcéim amháin nó níos mó***, ag a bhfuil uasmhais údaraithe os cionn 3 500 kg ach nach mó ná 4 250 kg gan leantóir, agus le haghaidh iompar paisinéirí ag a bhfuil uastoilleadh suíochán ocht suíochán seachas an tiománaí. ***Féadfar leantóir nó leathleantóir a chomhcheangal leis na feithiclí sin agus uasmhais údaraithe an chónaisc sin nach mó ná 5 000 kg a bheith ag gabháil leo;*** |
| ___________________ | ___________________ |
| [63] ***Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).*** | [63] ***Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) 2 bhliain tar éis eisiúint ceadúnais tiomána do chatagóir B den chéad uair, beidh sé bailí le haghaidh otharcharranna a thiomáint mar a shainmhínítear in Airteagal 2 [(11d)] agus feithiclí úsáide speisialta eile, chomh maith le mótarcharbháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 [(11b)] den Treoir seo atá suas le 4 250 kg;*** |
| | ***Sna tuarascálacha tréimhsiúla chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 20 den Treoir seo, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar thionchar an dul chun cinn teicneolaíochta i réimse an trealaimh leighis éigeandála agus/nó úsáid breoslaí malartacha ar mhais iomlán na n-otharcharranna. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 den Treoir seo chun an Treoir seo a leasú trí uasmheáchan na n-otharcharranna a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar chonclúidí na dtuarascálacha tréimhsiúla sin.*** |
| | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 21, chun an Treoir seo a leasú trí uasmheáchan na bhfeithiclí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo a thabhairt cothrom le dáta chun tionchar an dul chun cinn teicniúil agus forbairt breoslaí malartacha le haghaidh otharcharranna a*** |

| | |
|---|---|
| | ***chur san áireamh;*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe h b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(hb) 2 bhliain tar éis ceadúnas tiomána a dheonú le haghaidh chatagóir BE, a eisíodh den chéad uair, údaróidh sé feithiclí breosla ionadúil a thiomáint, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 (11c) den Treoir seo le haghaidh chatagóirí M agus N a bhunaítear le Rialachán AE 2018/858, a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid ar bhóithre poiblí, lena n-áirítear feithiclí a dearadh agus a tógadh i gcéim amháin nó níos mó, ag a bhfuil uasmhais údaraithe os cionn 3 500 kg ach nach mó ná 4 250 kg gan leantóir. Féadfar leantóir nó leathleantóir a chomhcheangal leis na feithiclí sin i gcás nach mó ná 3 500 kg uasmhais údaraithe an leantóra nó an leathleantóra;*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe h b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(hc) 3 bliana tar éis ceadúnas tiomána a deonaíodh do chatagóir C1 a eisiúint den chéad uair, beidh sé bailí chun feithiclí*** |

***breosla ionadúil a thiomáint, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 [(11 c)] den Treoir seo, ag a bhfuil uasmhais údaraithe os cionn 7 500 kg ach nach mó ná 8 250 kg gan leantóir agus atá deartha agus tógtha chun líon nach mó ná ochtar paisinéirí a iompar i dteannta an tiománaí. Féadfar leantóir nach mó ná 750 kg a uasmhais údaraithe a chomhcheangal leis na feithiclí sin;***

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe h d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(hd) 3 bliana tar éis eisiúint ceadúnais tiomána do chatagóir C1E den chéad uair, beidh sé bailí chun feithiclí breosla ionadúil dá dtagraítear in Airteagal 9(2), pointe (hc) agus a leantóir nó a leathleantóir a thiomáint ar mó ná 750 kg a uasmhais údaraithe ar choinníoll nach mó ná 12 750 kg mais údaraithe an chónaisc;*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe h f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(hf) 3 bliana tar éis ceadúnas tiomána a*** |

| | |
|---|---|
| | ***deonaíodh do chatagóir D1 a eisiúint den chéad uair, beidh sé bailí d'fheithiclí a dearadh agus a tógadh chun líon nach mó ná 22 phaisinéir a iompar i dteannta an tiománaí agus nach mó ná 8 méadar a bhfad ar a mhéad.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Sa dara tuarascáil cur chun feidhme uaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 20 den Treoir seo, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thionchar fhorbairt agus úsáid feithiclí breosla ionadúil agus/nó ar chur i bhfeidhm [pointe (h) go pointe (hd) den Airteagal seo] ar shábháilteacht ar bhóithre. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 chun an Treoir seo a leasú trí thairseacha maise <u>feithiclí breosla ionadúil</u> a thabhairt cothrom le dáta.*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh na Ballstáit i dteideal údarú a thabhairt feithiclí de chatagóir D nó de chatagóir D1 a thiomáint ina gcríoch do shealbhóirí ceadúnais tiomána a deonaíodh do chatagóir C, ar choinníoll nach n-iompraítear aon duine eile san fheithicil agus gur duine é an tiománaí a dhéanann an tástáil ródacmhainneachta i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE, nó meicneoir de chuid an tsiopa deisiúcháin gluaisteán a dhéanann turas tástála, laistigh de raon 5 km ón siopa deisiúcháin, a luaithe a bheidh an fheithicil deisithe, nó chun críocha cothabhála nó tiomána cigireachta. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le haon údaruithe a dheonaítear i gcomhréir leis an mír seo.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Glacfaidh na Ballstáit na forálacha is gá chun a áirithiú go ndéantar daoine atá faoi mhíchumas agus a ndéantar a dtástáil i bhfeithicil atá oiriúnaithe dá míchumas a dhíolmhú ó chúraimí a dhéanamh nach luíonn lena míchumas.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é seo a leanas fad bhailíocht riaracháin na gceadúnas tiomána a eisíonn na Ballstáit: | Is mar seo a leanas a bheidh íosfhad bhailíocht riaracháin na gceadúnas tiomána arna n-eisiúint ag na Ballstáit: |

**Leasuithe 253, 315 agus 335**

**Togra le haghaidh treoir**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur leis an tréimhse bailíochta riaracháin de cheadúnais tiomána aonair d'aon chatagóir sa chás ina measfar go dteastaíonn seiceálacha leighis nó bearta ar leith eile a chur i bhfeidhm níos minice, lena n-áirítear srianta do dhaoine a sháraíonn an dlí tráchta. | ***Agus prionsabal na coimhdeachta á urramú acu,*** féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur leis an tréimhse bailíochta riaracháin de cheadúnais tiomána aonair d'aon chatagóir***, agus riocht sláinte agus an cumas tiomáint go sábháilte i gcomhréir le hIarscríbhinn III á gcur san áireamh,*** sa chás ina measfar go dteastaíonn seiceálacha leighis nó bearta ar leith eile a chur i bhfeidhm níos minice, lena n-áirítear srianta do dhaoine a sháraíonn an dlí tráchta***, chun bearta sábháilteachta ar bhóithre a fheabhsú tuilleadh***. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| ***Laghdóidh na Ballstáit an tréimhse bailíochta riaracháin do cheadúnais tiomána a leagtar amach sa chéad fhomhír chuig 5 bliana nó níos lú le haghaidh ceadúnais tiomána sealbhóirí a bhfuil cónaí orthu ar a gcríoch a bhfuil aois 70 bliain bainte amach acu, chun seiceálacha leighis nó bearta ar leith eile a chur i bhfeidhm níos minice, lena n-áirítear cúrsaí athnuachana. Ní chuirfear an tréimhse bailíochta riaracháin sin i bhfeidhm ach ar athnuachan an cheadúnais tiomána.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 6 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| ***Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme faoin [dáta glactha + 18 mí] lena leagtar amach inneachar an fhéinmheasúnaithe dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn III agus lena gcumhdaítear na héagumais liachta uile a luaitear san Iarscríbhinn sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(2).*** | ***scriosta*** |

**Leasuithe 256 agus 318**

**Togra le haghaidh treoir**
**Airteagal 10 – mír 6 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Agus prionsabal na coimhdeachta á urramú acu, agus ceadúnais tiomána i gcatagóirí AM, A, A1, A2, B, B1, BE agus Tá n-athnuachan acu, féadfaidh na Ballstáit scrúdú a éileamh ina gcuirfear i bhfeidhm na caighdeáin íosta oiriúnachta don tiomáint a leagtar amach in Iarscríbhinn III.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Bunóidh na Ballstáit treoirlínte fianaise-bhunaithe do Chleachtóirí Ginearálta agus do dhochtúirí teaghlaigh chun iad siúd a d'fhéadfadh a bheith i mbaol carr a thiomáint a shainaithint, agus oibreoidh siad i gcomhar leis na húdaráis cheadúnúcháin.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. Forbróidh na Ballstáit feachtais náisiúnta íogaireachta chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail i gcoitinne maidir le comharthaí meabhracha nó fisiceacha a d'fhéadfadh duine a chur i mbaol feithicil a thiomáint.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 7 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní bheidh cead ag aon duine níos mó ná aon cheadúnas tiomána fisiceach amháin a bheith aige. Féadfaidh duine roinnt ceadúnas tiomána móibíleach a bheith aige, r sin féin, ar choinníoll gurb é an Ballstát céanna a eisíonn iad. | Ní bheidh cead ag aon duine níos mó ná aon cheadúnas tiomána amháin a bheith aige. Féadfaidh duine, mar sin féin, ***ceadúnas*** tiomána móibíleach ***a stóráil ar roinnt gléasanna.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn comhairle ó shaineolaithe, cúrsa oiliúna ar líne a fhorbairt do chleachtóirí ginearálta a chuirfidh ar a gcumas measúnú a dhéanamh ar gach gné d'oiriúnacht an iarratasóra chun tiomána.*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. An Ballstát a bheidh ag déanamh an | 3. An Ballstát a dhéanann ceadúnas |

| | |
|---|---|
| mhalartaithe, cuirfidh sé an seancheadúnas ar ais chuig údaráis an Bhallstáit a d’eisigh é agus sonróidh sé na cúiseanna leis sin. | tiomána fisiciúil a mhalartú, cuirfidh sé an seancheadúnas ar ais chuig údaráis an Bhallstáit a d’eisigh é agus tabharfaidh sé na cúiseanna leis sin. Cuirfidh an Ballstát atá ag malartú an cheadúnais tiomána údaráis an Bhallstáit eisiúna ar an eolas, agus sonróidh sé na cúiseanna atá leis an malartú sin. ***Áiritheoidh na Ballstáit a d’eisigh an ceadúnas tiomána ar dtús nach féidir breathnú ar an seancheadúnas tiomána móibíleach a thuilleadh. Chun críocha cumarsáide, bainfidh na Ballstáit úsáid as líonra an Aontais um cheadúnais tiomána dá dtagraítear in Airteagal 19(1).*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11a*** |
| | ***Ceadúnas tiomána eatramhach*** |
| | ***1. Le linn athsholáthar, athnuachan nó malartú ceadúnais tiomána, eiseoidh an Ballstát atá ag feidhmiú an athsholáthair, an athnuachan nó an malartú ceadúnas tiomána eatramhach i bhfoirm deimhnithe, fiú más é an Ballstát céanna é a d’eisigh an ceadúnas roimhe sin. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2025 i gcomhréir le hAirteagal 21 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí fhoirm chaighdeánaithe shamplach a leagan síos le haghaidh deimhniú den sórt sin. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar aon riosca a bhaineann le brionnú foirmeacha den sórt*** |

***sin.***

***2. Beidh an deimhniú arna eisiúint ag Ballstát faoin Airteagal seo bailí ar feadh uastréimhse míosa. Tabharfaidh na Ballstáit aitheantas frithpháirteach do dheimhnithe den sórt sin. I gcás ina mbeidh athsholáthar, athnuachan nó malartú an cheadúnais tiomána níos faide, féadfaidh na Ballstáit an deimhniú sin a athnuachan faoi dhó, ar feadh na tréimhse nach faide ná aon mhí amháin le haghaidh gach deimhniú. Scoirfidh bailíocht deimhnithe den sórt sin go huathoibríoch a luaithe a thiocfaidh ceadúnas fisiciúil nó móibíleach i seilbh an tsealbhóra i gcomhréir le hAirteagal 3.***

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 6 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina sainaithníonn an Coimisiún tríú tír den sórt sin, féadfaidh sé measúnú a dhéanamh ar chreat iompair de bhóthar an tríú tír i gcomhar leis na Ballstáit. Beidh sé mhí ag na Ballstáit a dtuairim a thabhairt maidir leis an gcreat iompair de bhóthar atá i bhfeidhm sa tríú tír shainaitheanta. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh leis an measúnú a luaithe a gheobhaidh sé tuairim ó na Ballstáit uile nó a luaithe a bheidh an teorainn ama chun na tuairimí a sheoladh caite, cibé acu is déanaí. | I gcás ina sainaithníonn an Coimisiún tríú tír den sórt sin, féadfaidh sé measúnú a dhéanamh ar chreat iompair de bhóthar an tríú tír i gcomhar leis na Ballstáit. Beidh sé mhí ag na Ballstáit a dtuairim a thabhairt maidir leis an gcreat iompair de bhóthar atá i bhfeidhm sa tríú tír shainaitheanta. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh leis an measúnú a luaithe a gheobhaidh sé tuairim ó na Ballstáit uile nó a luaithe a bheidh an teorainn ama chun na tuairimí a sheoladh caite, cibé acu is túisce. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 6 – fomhír 3 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) an córas malartaithe a bunaíodh do cheadúnais tiomána an Aontais sa tríú tír.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Féadfar CPC nua arna eisiúint ag Ballstát a chur in ionad deimhniú inniúlachta gairmiúla (CPC), nó deimhniú coibhéiseach, arna eisiúint ag tríú tír dá dtagraítear i mír 2, i gcás ina mbeidh oiliúint bhreise inniúlachta suas le 35 uair an chloig curtha i gcrích ag an sealbhóir sa Bhallstát sin. Cuirfear an oiliúint bhreise sin i gcrích i dteanga an Aontais is fearr a thuigeann [iarrthóir]. Más gá, i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2561 maidir le cáiliú tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthair chun earraí nó paisinéirí a iompar[1a], chun ardleibhéal inniúlachta agus sábháilteachta ar bhóithre a áirithiú, cuirfear tacaíocht teanga iomchuí ar fáil.*** |
| | ***Chun a chinneadh an bhfuil rialacha ag tríú tíortha atá inchomparáide go*** |

*hiomlán nó i bpáirt le rialacha comhfhreagracha de chuid an Aontais lena ráthaítear leibhéal sábháilteachta ar bhóithre atá inchomparáide go hiomlán nó i bpáirt leis an leibhéal sin san Aontas, tugtar de chumhacht don Choimisiún a ghlacadh faoin ... [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 21 chun an Treoir seo a fhorlíonadh, trí na coinníollacha a leagan síos maidir le measúnú a dhéanamh ar rialacha tríú tír maidir le hoiliúint ghairmiúil do thiománaithe nó rialacha tríú tír maidir le nósanna imeachta deimhniúcháin agus scrúdúcháin, nó iad araon, agus na critéir agus na modheolaíochtaí a úsáidfear nuair a dhéantar measúnú orthu.*

*Ar bhonn na [gníomhartha tarmligthe/coinníollacha measúnaithe, na gcritéar agus na modheolaíochtaí], agus i gcomhar leis na Ballstáit i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 6, glacfaidh an Coimisiún <u>gníomhartha cur chun feidhme, ina leagfar amach a chinneadh go bhfuil rialacha ag tríú tír ar leith</u> maidir le hoiliúint ghairmiúil do thiománaithe agus/nó rialacha maidir le nósanna imeachta deimhniúcháin agus scrúdúcháin atá inchomparáide go hiomlán nó i bpáirt le rialacha <u>comhfhreagracha</u> an Aontais lena ráthaítear leibhéal sábháilteachta ar bhóithre atá inchomparáide go hiomlán nó i bpáirt leis an leibhéal sin san Aontas. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(2).*

___________________

*Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le cáiliú tosaigh agus le hoiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí*

| | |
|---|---|
| | ***áirithe bóthair i gcomhair iompar earraí nó paisinéirí (IO L 330, 23.12.2022, lch. 46).*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. In Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, foilseoidh an Coimisiún liosta de na tríú tíortha a bhí ina n-ábhar do chinneadh cur chun feidhme i gcomhréir le mír 7, agus foilseoidh sé dá réir sin aon athruithe ábhartha a rinneadh i gcomhréir le mír 9. | 9. Foilseoidh an Coimisiún in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus ar a shuíomh gréasáin liosta de na tríú tíortha a bhí ina n-ábhar do chinneadh cur chun feidhme i gcomhréir le míreanna 7 agus 8a, agus foilseoidh sé dá réir sin aon athruithe ábhartha a rinneadh i gcomhréir le mír 8. |

**Leasú 320**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 12a*** |
| | ***Ardán comhair*** |
| | ***1. Bunóidh an Coimisiún ardán comhair chun eolas agus faisnéis a chomhiomlánú, a phróiseáil agus a scaipeadh maidir le dea-chleachtais maidir leis an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) scéimeanna oiliúna tiománaithe sna Ballstáit, lena n-áirítear oiliúint maidir le feithiclí úsáide speisialta amhail innealra soghluaiste nach innealra bóthair é,*** |
| | ***(b) ceadúnú agus gnáthúsáid feithiclí sainúsáide, amhail Innealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é sna Ballstáit éagsúla, lena n-áirítear impleachtaí trasteorann na ndifríochtaí idir na*** |

| | |
|---|---|
| | ***rialacha seo d'fhonn úsáid an innealra sin a éascú, agus*** |
| | ***(c) aon saincheist eile a mheastar a bheith iomchuí.*** |
| | ***2. Áireofar ar an ardán údaráis ábhartha na mBallstát, agus geallsealbhóirí ábhartha na hearnála iompair de bhóthar, agus i gcás inar féidir, éascóidh sé forbairt a dhéanamh ar na dea-chleachtais sin.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfidh Ballstát ceadúnas tiomána ar fionraí má léiríonn an scrúdú sláinte lena ndeimhnítear bailíocht dá dtagraítear in Airteagal 10 nach féidir na ceanglais fhisiceacha agus shíceolaíocha maidir leis na riochtaí leighis dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a chomhlíonadh go sealadach.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. De mhaolú ar Airteagal 7(1), pointí (b) agus (d) faoi seach, eiseoidh na | 1. De mhaolú ar Airteagal 7(1), pointí (b) agus (d) faoi seach, eiseoidh na |

| | |
|---|---|
| Ballstáit ceadúnais tiomána, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), le haghaidh chatagóirí B agus C atá marcáilte le cód Aontais 98.02 a shonraítear i gCuid E d'Iarscríbhinn I, d'iarratasóirí a bhfuil 17 mbliana d'aois slánaithe acu. | Ballstáit ceadúnais tiomána, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), le haghaidh chatagóirí B, C agus C1 atá marcáilte le cód Aontais 98.02 a shonraítear i gCuid E d'Iarscríbhinn I, d'iarratasóirí a bhfuil 17 mbliana d'aois slánaithe acu. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Sealbhóirí ceadúnais tiomána atá marcáilte le cód Aontais 98.02 nach bhfuil 18 mbliana d'aois go fóill, ní thiomáinfidh siad ach amháin nuair a bheidh duine in éineacht leo a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas: | 2. Sealbhóirí ceadúnais tiomána atá marcáilte le cód Aontais 98.02 agus nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe acu, ní thiomáinfidh siad ach amháin nuair a bheidh duine in éineacht leo sa suíochán tosaigh paisinéara, ar duine é atá in ann treoir a thabhairt le linn na tiomána. Comhlíonfaidh an duine tionlacain na rialacha maidir le tiomáint faoi thionchar alcóil nó drugaí nó i staid éagumasaithe ar aon chúis eile, agus comhlíonfaidh sé na coinníollacha seo a leanas: |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tá ceadúnas tiomána den chatagóir ábhartha aige nó aici a eisíodh níos mó ná 5 bliana ó shin; | (b) tá ceadúnas tiomána de chuid an Aontais Eorpaigh den chatagóir ábhartha aige nó aici a eisíodh níos mó ná 5 bliana ó shin; |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) i gcás feithicil de chatagóir C, tá an cháilíocht agus an oiliúint aige nó aici dá bhforáiltear i Treoir (AE) 2022/2561. | (e) i gcás feithicil de ***chatagóir*** C agus C1, tá an cháilíocht agus an oiliúint aige nó aici dá bhforáiltear i Treoir (AE) 2022/2561. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) i gcás feithiclí de chatagóir C agus de chatagóir feithicle C1, go ndearna sé nó sí cúrsa oiliúna tiomnaithe 7 n-uair an chloig chun na scileanna gairmiúla agus oideolaíochta is gá a fhoghlaim, mar chuid dá n-oiliúint thréimhsiúil CPC.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 2 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh fad na hoiliúna a mhéadú go dtí 14 uair an chloig.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní chuireann an scéim tiomána tionlacain srian ar roghanna reatha na mBallstát chun an aois íosta do chatagóir B a ísliú mar a leagtar amach in Airteagal 7(2) den Treoir seo agus chun coinníollacha gaolmhara a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Féadfaidh na Ballstáit an aois a leagtar amach i mír 1 a laghdú do dhaoine a bhfuil a ngnátháit chónaithe ina gcríoch chun treoirthionscadail a reáchtáil agus sonraí a bhailiú maidir leis an éifeacht a bhíonn ag scéimeanna tionlacain tiomána a bhfuil aois níos ísle acu mar chuid d'oiliúint an iarratasóra go*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtí go mbainfidh sé nó sí 3 500 km amach. Más mian le Ballstát úsáid a bhaint as an rogha sin, cuirfidh sé iarraidh réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarraidh sin trí idirphlé leis an mBallstát lena mbaineann agus déanfaidh sé cinneadh laistigh de 3 mhí. Féadfaidh an Coimisiún an iarraidh a fhormheas nó a dhiúltú trí thuairim réasúnaithe a thíolacadh, nó í a fhormheas ar choinníollacha breise chun an tsábháilteacht ar bhóithre a áirithiú. Leanfaidh forálacha mhír 2, mhír 3 agus mhír 4 d'fheidhm a bheith acu, i gcás ina ndeonóidh an Coimisiún maolú. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar thorthaí na dtreoirthionscadal formheasta agus déanfaidh siad iad a thuairisciú don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hiarrataí agus, nuair a bheidh siad ar fáil, ar thorthaí na dtreoirthionscadal formheasta ina chuid athbhreithnithe tréimhsiúla.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Measfar gur tiománaí nuacheadúnaithe é sealbhóir ceadúnais tiomána de chatagóir ar leith arna eisiúint den chéad uair agus beidh sé faoi réir tréimhse phromhaidh 2 bhliain ar a laghad. | 1. Measfar gur tiománaí nuacheadúnaithe é sealbhóir ceadúnais tiomána de chatagóir ar leith arna eisiúint den chéad uair agus beidh sé faoi réir tréimhse phromhaidh 2 bhliain ar a laghad. ***Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le fad na tréimhse agus na pionóis do thiománaithe nuacheadúnaithe.*** |

**Leasú 268**

**Togra le haghaidh treoir**
**Airteagal 15 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Bunóidh na Ballstáit oibleagáid ar thiománaithe nuacheadúnaithe diosca caighdeánach de chuid an Aontais a thaispeáint ar ghaothscáth cúil a bhfeithicle ar feadh fhad iomlán a dtréimhse phromhaidh. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 lena mbunaítear na sonraíochtaí coiteanna amhairc don diosca coiteann.*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis le haghaidh tiománaithe nuacheadúnaithe ag a bhfuil tiúchan alcóil san fhuil os cionn 0g/mL agus iad ag tiomáint agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach, achomhairleach agus neamh-idirdhealaitheach. | 2. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le pionóis do thiománaithe nuacheadúnaithe a thiomáineann le leibhéal alcóil fola os cionn 0.2 g/mL nó faoi thionchar substaintí síceatrópacha nó támhshuanaigh. Bunóidh údaráis forfheidhmithe na mBallstát tairseach thomhais neamhfhulaingthe theicniúil ar bhonn na teorann cainníochtaithe is ísle lena gcuirtear san áireamh nochtadh éighníomhach nó de thaisme agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach, athchomhairleach agus |

| | |
|---|---|
| | neamh-idirdhealaitheach, agus féadfar dícháiliú chun tiomána a áireamh leo. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha níos déine maidir le pionóis do thiománaithe nuacheadúnaithe, lena n-áirítear i gcás ina dteipeann orthu trealamh sábháilteachta a úsáid nó tiomáint gan ceadúnas tiomána bailí, agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach, achomhairleach agus neamh-idirdhealaitheach.*** |

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh treoir**
**Airteagal 15 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Féadfaidh na Ballstáit cur i bhfeidhm an chórais neamhfhulaingthe i gcás alcóil agus drugaí sícighníomhacha aindleathacha a leathnú chuig gach tiománaí.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh na Ballstáit rialacha breise a bhunú a bheidh infheidhme ar a gcríoch maidir le tiománaithe nuacheadúnaithe le linn na tréimhse promhaidh chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin. | 3. Féadfaidh na Ballstáit rialacha breise a bhunú a bheidh infheidhme ar a gcríoch maidir le tiománaithe nuacheadúnaithe le linn na tréimhse promhaidh chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin. ***Ní chuirfidh na rialacha sin teorainn le tiomáint san oíche.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Maidir le tiománaithe a fhaigheann catagóir nua le linn a dtréimhse phromhaidh do chatagóir cheadúnais a eisíodh roimhe sin, féadfar an tréimhse phromhaidh don chatagóir nua a laghdú agus tréimhse phromhaidh atá curtha i gcrích cheana féin á cur san áireamh, faoi réir íostréimhse 6 mhí. Ní bheidh feidhm ag laghdú den sórt sin má eisítear an ceadúnas tiomána atá ann cheana le haghaidh chatagóir AM amháin.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5b. Moltar do na Ballstáit oiliúint atá oiriúnach ó thaobh aoise de maidir le rialacha sábháilteachta ar bhóithre agus oiliúint maidir le feasacht ar rioscaí tráchta a áireamh mar chuid dá gcuraclam bunscoile agus meánscoile. + Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as ioncam atá curtha in áirithe faoi [Threoir 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]] chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do thionscnaimh den sórt sin. Féadfaidh an Coimisiún na hacmhainní a luaitear in [Airteagal 8a den Treoir sin] a úsáid chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do thionscnaimh den sórt sin freisin.*** |
| | ***[1a] Treoir (AE) Uimh. 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (IO L 68, 13.3.2015, lch. 9).*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Scrúdaitheoirí tiomána a bhí ag obair sa cháil sin roimh an 19 Eanáir 2013, ní bheidh siad faoi réir ach ag na ceanglais a bhaineann le dearbhú cáilíochta agus bearta maidir le hoiliúint thréimhsiúil rialta. | Scrúdaitheoirí tiomána a bhí ag obair ***cheana*** sa cháil sin roimh ***theacht i bhfeidhm na Treorach seo***, ní bheidh siad ***ach amháin*** faoi réir na gceanglas a bhaineann le dearbhú cáilíochta agus bearta maidir le hoiliúint thréimhsiúil |

| | rialta. |
|---|---|

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críocha na Treorach seo, is é ‘gnáthchónaí’ an áit ina bhfuil cónaí ar dhuine go hiondúil, is é sin ar feadh 185 lá ar a laghad i ngach bliain féilire, mar gheall ar cheangail phearsanta agus ghairme, nó, i gcás duine nach bhfuil aon cheangail ghairme aige, mar gheall ar cheangail phearsanta lena léirítear go bhfuil dlúthnasc ag an duine sin leis an áit ina bhfuil cónaí air nó uirthi. | Chun críocha na Treorach seo, is é ‘gnáthchónaí’ an áit ina bhfuil cónaí ar dhuine go hiondúil, is é sin ar feadh 185 lá ar a laghad i ngach bliain féilire, mar gheall ar cheangail phearsanta nó gairme, agus, i gcás duine nach bhfuil aon cheangail ghairme aige, mar gheall ar cheangail phearsanta lena léirítear go bhfuil dlúthnasc ag an duine sin leis an áit ina bhfuil cónaí air nó uirthi. |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. De mhaolú ar phointe (e) d’Airteagal 10(1) agus chun na críche sonraí a bhaineann le ceadúnas tiomána chatagóir B a eisiúint den chéad uair, iarratasóir nach ionann a Bhallstát gnáthchónaithe agus Ballstát a shaoránachta nó a saoránachta, féadfaidh Ballstát na saoránachta an ceadúnas tiomána a eisiúint, i gcás nach bhforálann an Ballstát gnáthchónaithe go bhféadfaí pas a fháil sna tástálacha teoiriciúla nó praiticiúla i | 4. De mhaolú ar phointe (e) d’Airteagal 10(1) agus chun na críche sonraí a bhaineann le ceadúnas tiomána a eisiúint den chéad uair, iarratasóir nach ionann a Bhallstát gnáthchónaithe agus Ballstát a shaoránachta nó a saoránachta, féadfaidh Ballstát na saoránachta an ceadúnas tiomána a eisiúint, i gcás nach bhforálann an Ballstát gnáthchónaithe go bhféadfaí pas a fháil sna tástálacha teoiriciúla nó praiticiúla i gceann de theangacha oifigiúla |

| | |
|---|---|
| gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit saoránachta nó le hateangaire. | an Aontais Eorpaigh de chuid an Bhallstáit saoránachta nó le hateangaire. |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Na coibhéisí a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2016/1945 ón gCoimisiún, cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm iad idir teidlíochtaí a fuarthas roimh an 19 Eanáir 2013 agus na catagóirí a leagtar amach in Airteagal 6 den Treoir seo. | 1. Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm na coibhéisí a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2016/1945[64] ón gCoimisiún idir teidlíochtaí a fuarthas roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus na catagóirí a leagtar amach in Airteagal 6 den Treoir seo. |
| ___________________ | ___________________ |
| [64] Cinneadh (AE) 2016/1945 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2016 maidir le coibhéisí idir catagóirí ceadúnas tiomána (IO L 302, 9.11.2016, lch. 62). | [64] Cinneadh (AE) 2016/1945 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2016 maidir le coibhéisí idir catagóirí ceadúnas tiomána (IO L 302, 9.11.2016, lch. 62). |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Aon teidlíocht tiomána a deonaíodh roimh an 19 Eanáir 2013, ní bhainfear í ná ní dhéanfar í a cháiliú ar bhealach ar bith le forálacha na Treorach seo. | 2. Ní dhéanfar aon teidlíocht chun tiomána atá deonaithe roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo a bhaint ná a cháiliú ar bhealach ar bith le forálacha na Treorach seo. |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) chun cionta coiriúla dá dtagraítear in [TAGAIRT DO PRÜM II] a chosc, a bhrath agus a imscrúdú; | (c) cionta coiriúla a bhaineann le trácht ar bhóithre a chosc, a bhrath agus a imscrúdú i gcomhréir le [REFERENCE TO PRÜM II], ar choinníoll go mbeidh feidhm ag na coinníollacha uile is gá chun na críche sin agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail an teorannaithe de réir cuspóra, an riachtanais agus na comhréireachta; |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas ar bhonn bliantúil maidir le líon na gceadúnas tiomána a eisiatar, a athnuaitear, a athsholáthraítear, a tharraingítear siar agus a mhalartaítear, le haghaidh gach catagóire, lena n-áirítear sonraí maidir le heisiúint agus úsáid ceadúnas tiomána móibíleach. | Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas ar bhonn bliantúil maidir le líon na gceadúnas tiomána a eisiatar, a athnuaitear, a athsholáthraítear, a tharraingítear siar agus a mhalartaítear, le haghaidh gach catagóire, lena n-áirítear sonraí maidir le heisiúint agus úsáid ceadúnas tiomána móibíleach. ***Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas freisin laistigh de 3 mhí má dhéantar na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a ghlac siad, a bhfuil gá leo chun an Treoir seo a chomhlíonadh, a athrú ar bhealach a dhéanann difear do chur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach seo.*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chomh maith leis sin, roinnfidh na Ballstáit sonraí maidir lena ndea-chleachtais i ndáil le bearta sábháilteachta ar bhóithre agus oiliúint feasachta riosca, go háirithe a mhéid a bhaineann le tiománaithe nuacheadúnais agus laistigh den oiliúint ar feadh an tsaoil, maidir le cineálacha seiceálacha oiriúnachta leighis de réir aoisghrúpa, maidir le húsáid córais tacaíochta in aghaidh an aoisghrúpa trí idirghabhálacha aiseolais le cruthúnas rannpháirtíochta agus moltaí arna soláthar ag teagascóir tiomána, síceolaí tráchta nó scrúdaitheoir tiomána chomh maith le bearta chun bearta sábháilteachta ar bhóithre a mhéadú i measc úsáideoirí soghonta bóithre, lena n-áirítear bearta lena rialaítear micrea-shoghluaisteacht.*** |

**Leasú 321**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin 1 Iúil 2027, iarrtar ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le héifeachtaí úsáid forálacha náisiúnta ar Innealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é agus a impleachtaí ar an margadh inmheánach agus ar shábháilteacht ar bhóithre. Féadfaidh togra chuig Parlaimint na*** |

***hEorpa agus chuig an gComhairle a bheith ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí, d'fhonn úsáid Innealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é ar fud an Aontais a éascú.***

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tuairisceoidh na Ballstáit go bliantúil don Choimisiún staidreamh maidir le tionóiscí bóthair in aghaidh na catagóire ceadúnais tiomána, arb iad tiománaithe nuacheadúnaithe faoi scéim tiomána tionlactha mar a shainmhínítear in Airteagal 14 is cúis leo. Gach 3 bliana, iarrtar ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú ina ndéantar comparáid idir na tionóiscí bóthair a tharla de bharr tiománaithe a fuair ceadúnas tiomána tar éis dóibh scéim tiomána faoi thionlacan a chríochnú agus na tiománaithe eile. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil sonraí de réir gach catagóire ceadúnais tiomána Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil ar fáil go poiblí, lena n-áirítear trí thairseach CBE arna bunú le [Treoir CBE].*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(8), Airteagal 5(6), Airteagal 8(2), Airteagal 10(8) agus Airteagal 16(2) don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [Dáta theacht i bhfeidhm na Treorach]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. | 2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(8), Airteagal 5(6), Airteagal 8(2), Airteagal ***9(2)***, ***Airteagal 10(8), Airteagal 11(a), Airteagal 12(8a)***, Airteagal 16(2) ***agus Airteagal 16a(2)*** don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [Dáta theacht i bhfeidhm na Treorach]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 23 – mír 1**
Treoir (AE) 2022/2561

Airteagal 5 – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ó 17 mbliana d'aois, feithicil i gcatagóir ceadúnais C, ar choinníoll go bhfuil deimhniú ar inniúlacht ghairmiúil acu dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 14(2) de Threoir [TAGAIRT DON | (c) ó 17 mbliana d'aois, feithicil i gcatagóirí ceadúnais C agus C1, ar choinníoll go bhfuil deimhniú ar inniúlacht ghairmiúil acu dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 14(2) de Threoir [TAGAIRT |

| | |
|---|---|
| TREOIR SEO] agus fúthu sin amháin; | DON TREOIR SEO] agus fúthu sin amháin;’ |

**Leasú 322**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 23 – mír 1 a (nua)**

Treoir (AE) 2022/2561

Airteagal 5 – mír 3 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3, pointe a:*** |
| | ***‘(a) ó 21 bhliain d’aois a bheith slánaithe acu:*** |
| | ***(i) feithicil i gcatagóirí cheadúnas tiomána D agus D + E a thiomáint, ar choinníoll go bhfuil CPC dá dtagraítear in Airteagal 6(2) ina seilbh acu.*** |
| | ***Féadfaidh Ballstát ar bith tiománaithe feithiclí i gcatagóirí ceadúnais tiomána D1 agus D1 + E a údarú na feithiclí sin a thiomáint ina chríoch ó 18 mbliana d’aois ar aghaidh, ar choinníoll go bhfuil CPC dá dtagraítear in Airteagal 6(1) acu.*** |
| | ***Féadfaidh aon Bhallstát an aois íosta do thiománaithe gairmiúla bus agus cóiste do chatagóirí D agus DE a ísliú go dtí na haoiseanna seo a leanas:*** |
| | ***- 19 mbliana ar a gcríoch, ar choinníoll go bhfuil oiliúint ghairmiúil iomlán curtha ar thiománaithe agus go bhfuil CPC acu i gcomhréir le hAirteagal 6(1), de Threoir (AE) 2022/2561;*** |
| | ***- 18 mbliana ar a gcríoch, ar choinníoll go bhfuil oiliúint ghairmiúil iomlán curtha ar thiománaithe agus go bhfuil CPC acu i gcomhréir le hAirteagal 6(1), de Threoir (AE) 2022/2561, agus go dtiomáineann siad na feithiclí sin gan phaisinéirí nó ar línte níos lú ná 50 km le*** |

***paisinéirí.***

***(ii) feithicil i gcatagóirí cheadúnas tiomána D agus D + E a thiomáint, ar choinníoll go bhfuil CPC dá dtagraítear in Airteagal 6(1) ina seilbh acu.***

***Féadfaidh aon Bhallstát an aois íosta do thiománaithe gairmiúla bus agus cóiste do chatagóirí D agus DE a ísliú go dtí na haoiseanna seo a leanas:***

***- 19 mbliana ar a gcríoch, ar choinníoll go bhfuil oiliúint ghairmiúil iomlán curtha ar thiománaithe agus go bhfuil CPC acu i gcomhréir le hAirteagal 6(1), de Threoir (AE) 2022/2561;***

***- 18 mbliana ar a gcríoch, ar choinníoll go bhfuil oiliúint ghairmiúil iomlán curtha ar thiománaithe agus go bhfuil CPC acu i gcomhréir le hAirteagal 6(1), de Threoir (AE) 2022/2561, agus go dtiomáineann siad na feithiclí sin gan phaisinéirí nó ar línte níos lú ná 50 km le paisinéirí.***

**Leasú 323**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 23 – mír 1 b (nua)**

Treoir (AE) 2022/2561

Airteagal 5 – mír 3 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ó 23 bliana d'aois a bheith slánaithe acu, feithicil i gcatagóirí ceadúnais tiomána D agus D + E a thiomáint, ar choinníoll go bhfuil CPC dá dtagraítear in Airteagal 6(2) ina seilbh acu.*** | ***Scriosta*** |

**Leasú 324**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [dáta glacadh+2 bhliain] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. | ***Gan dochar do mhír 1a,*** glacfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh agus foilseoidh siad iad faoin [dáta glacadh+2 bhliain] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. |

**Leasú 325**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [dáta glactha + 3 bliana] ar aghaidh. | ***Gan dochar do mhír 1a,*** cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [dáta glactha + 3 bliana] ar aghaidh. |

**Leasú 326**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 25 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Deanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 9 mír 2 den Treoir seo a chomhlíonadh, a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [dáta glactha+4 mhí] ar a dhéanaí.***<br>***Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [dáta glactha +4 mhí] ar aghaidh.*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Cuid B1 – pointe 4 – pointe 3 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***DG 8: sonraí bithmhéadracha maidir le hinteachán shealbhóir an cheadúnais;*** | (e) ***scriosta*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mir 1 – pointe b – fleasc 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***– tionchair ar an riosca seachmaill mar gheall ar úsáid GSM nó feistí leictreonacha eile le linn tiomána agus iarmhairtí sábháilteachta;*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mír 1 – pointe c – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – na prionsabail is tábhachtaí maidir le hachar sábháilte a choimeád idir feithiclí, faid choscánaithe agus greim ar bhóthar faoi dhálaí difriúla aimsire agus bóthair; | – na prionsabail is tábhachtaí a bhaineann le hachar sábháilte a urramú idir feithiclí, achair choscánaithe agus greim ar bhóthar faoi dhálaí éagsúla aimsire agus bóthair, lena n-áirítear go háirithe dálaí sneachta agus bóithre sleamhain; |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mír 1 – pointe d – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – tosca riosca sonracha a bhaineann le heaspa taithí úsáideoirí eile bóithre, go háirithe i gcás úsáideoirí leochaileacha bóithre ar lú an chosaint a bhíonn acu sa trácht i gcomparáid le húsáideoirí mótarfheithiclí ar nós gluaisteán, busanna agus leoraithe, agus ar úsáideoirí iad atá neamhchosanta go díreach ar fhórsaí imbhuailtí. Áirítear sa chatagóir sin coisithe, rothaithe, úsáideoirí feithiclí cumhachtaithe dhá roth, úsáideoirí gaireas soghluaisteachta pearsanta agus daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht agus a dtreoshuíomh laghdaithe. | – tosca riosca sonracha a bhaineann le heaspa taithí úsáideoirí eile bóithre, go háirithe i gcás úsáideoirí leochaileacha bóithre ar lú an chosaint a bhíonn acu sa trácht i gcomparáid le húsáideoirí mótarfheithiclí ar nós gluaisteán, busanna agus leoraithe, agus ar úsáideoirí iad atá neamhchosanta go díreach ar fhórsaí imbhuailtí. Áirítear sa chatagóir sin leanaí, coisithe, rothaithe, úsáideoirí feithiclí cumhachtaithe dhá roth, úsáideoirí gaireas soghluaisteachta pearsanta agus daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht agus a dtreoshuíomh laghdaithe. |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mír 1 – pointe d – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – riosca a bhaineann le gluaiseacht agus tiomáint cineálacha éagsúla feithiclí agus le réimsí difriúla radhairc a dtiománaithe, lena n-áirítear feithiclí ag a bhfuil ardchórais cúnta tiomána agus gnéithe eile uathoibrithe; | – rioscaí a bhaineann le gluaiseacht, idirghníomhaíocht agus tiomáint cineálacha éagsúla feithiclí mar gheall ar scála difriúil agus dinimicí tiomána éagsúla agus mar gheall ar réimsí éagsúla radhairc a dtiománaithe; |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mir 1 – pointe d – fleasc 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***–	caochspotaí agus athruithe grádáin;*** |

**Leasú	144**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mir 1 – pointe d – fleasc 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***–	úsáid chuí agus thráthúil treotháscairí;*** |

**Leasú	145**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mir 1 – pointe e – fleasc 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***–	rialacha maidir le conas iad féin a iompar má tá feithicil éigeandála ag teannadh leo agus an rud le déanamh ag láthair imbhuailte;*** |

**Leasú	146**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mír 1 – pointe e – fleasc 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – gnéithe sábháilteachta eolais a bhaineann le feithiclí breosla mhalartaigh; | – eolas ar ghnéithe sábháilteachta a bhaineann le feithiclí breosla ionadúil agus/nó le ceallra, go háirithe rioscaí maidir le trasplanc/dóiteáin nó imoibriú ceimiceach i gcás timpiste nó cliseadh; |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) na réamhchúraimí is gá agus duine ag tuirlingt den fheithicil; | (f) na réamhchúraimí is gá le linn tuirlingt ón bhfeithicil, lena n-áirítear a áirithiú go bhfuil sé sábháilte doras na feithicle a oscailt agus nach gcruthóidh sé sin guais d'úsáideoirí eile bóthair amhail coisithe, rothaithe agus úsáideoirí micrea-shoghluaisteachta; |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) rialacha agus gnéithe maidir le húsáid feithiclí i ndáil leis an gcomhshaol, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le feithiclí leictreacha: úsáid iomchuí a bhaint | (i) rialacha agus gnéithe maidir le húsáid feithiclí i ndáil leis an gcomhshaol, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le feithiclí leictreacha: úsáid iomchuí a bhaint |

| | |
|---|---|
| as feistí rabhaidh inchloiste, ídiú réasúnta breosla/fuinnimh, astaíochtaí a theorannú (astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailleáin aeir, torann agus micreaphlaistigh ó chaitheamh bonn agus bóithre etc.). | as feistí rabhaidh inchloiste, ídiú réasúnta breosla/fuinnimh, astaíochtaí a theorannú (astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailleáin aeir, torann agus micreaphlaistigh ó chaitheamh bonn, coscáin agus bóithre etc.). |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mír 1 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) eolas bunúsach ar conas trealamh garchabhrach a úsáid agus a bheith in ann garchabhair a sholáthar, lena n-áirítear athbheochan chardascamhógach;*** <br> ***De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit an rogha a chumasú go bhféadfaí, le hoiliúint phraiticiúil gharchabhrach dheimhnithe a cuireadh i gcrích roimhe sin, lena n-áireofar athbheochan chardascamhógach, an t-ábhar sa tástáil teoirice a bhaineann leis an ngarchabhair a dhíolmhú;*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mír 1 – pointe i b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ib) idirghníomhaíocht shábháilte le feidhmeanna ardchórais cúnaimh tiománaí agus le gnéithe uathoibrithe eile, lena n-áirítear na buntáistí, na*** |

| | |
|---|---|
| | ***srianta agus na rioscaí a bhaineann leo;*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 2 – mír 1 – pointe i c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ic) creat rialála bunúsach maidir le srianta ar rochtain ar fheithiclí uirbeacha, lena n-áirítear criosanna íseal-astaíochtaí;*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Forálacha sonracha a bhaineann le catagóirí C, CE, C1, C1E, D, DE, D1 ***agus D1E*** | 4. Forálacha sonracha a bhaineann le catagóirí C, CE, C1, C1E, D, DE***, D1, D1E agus T*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 4 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an iompraíocht iomchuí i gcás timpiste; eolas ar na bearta atá le | (d) an iompraíocht iomchuí i gcás timpiste; eolas ar na bearta atá le |

| | |
|---|---|
| déanamh tar éis timpiste nó teagmhas comhchosúil, lena n- áirítear gníomhaíocht éigeandála amhail aslonnú paisinéirí agus buneolas ar an ngarchabhair; | déanamh tar éis timpiste nó teagmhas comhchosúil, lena n- áirítear gníomhaíocht éigeandála amhail aslonnú paisinéirí agus buneolas ar an ngarchabhair, lena n- áirítear athbheochan chardascamhógach (ACS); |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 4 – pointe 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) cuspóir agus úsáid gairis coscánaithe cúnta/sceithphíopa agus coscán;*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 4 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) bac ar an réimse radhairc de dheasca shaintréithe a bhfeithiclí; | (g) bac ar an réimse radhairc de dheasca shaintréithe a bhfeithiclí, go háirithe maidir le coisithe ag tosach na feithicle agus rothaithe ar thaobh agus ar aghaidh na feithicle; |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 4 – pointe 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) tiomáint chosantach agus tiomáint éiceolaíoch: an t-achar go dtí an fheithicil atá chun tosaigh; scoitheadh ar chuar bóthair, athrú lána, rialacha tosaíochta, teorainneacha luais;*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 4 – pointe 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) tosca sábháilteachta a bhaineann le hualú feithicle: an t- ualach a rialú (stuáil agus ceangal), deacrachtaí le cineálacha difriúla ualaigh (mar shampla leachtanna, ualaí ar crochadh, …) lódáil agus dílódáil earraí agus úsáid trealamh lódála (catagóirí C, CE, C1, C1E amháin)***;*** | (i) tosca sábháilteachta a bhaineann le hualú feithicle: an t- ualach a rialú (stuáil agus ceangal), deacrachtaí le cineálacha difriúla ualaigh (mar shampla leachtanna, ualaí ar crochadh, …) lódáil agus dílódáil earraí agus úsáid trealamh lódála (catagóirí C, CE, C1, C1E, T amháin) |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 4 – pointe 1 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) bearta sábháilteachta, nósanna imeachta agus prótacail maidir le limistéir pháirceála shábháilte;*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe A – pointe 4 – pointe 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) freagracht an tiománaí i ndáil le hiompar paisinéirí; compord agus sábháilteacht paisinéirí; iompar leanaí; na seiceálacha is gá a dhéanamh roimh thiomáint; cuimseofar gach cineál bus sa tástáil teoirice (busanna agus cóistí seirbhíse poiblí, busanna a bhfuil toisí speisialta acu, ...) (catagóirí D, DE, D1, D1E amháin). | (j) freagracht an tiománaí i ndáil le hiompar paisinéirí; compord agus sábháilteacht paisinéirí, agus go háirithe daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, chomh maith le freagairt iomchuí i gcás ciapadh agus foréigean inscnebhunaithe; iompar leanaí; na seiceálacha is gá a dhéanamh roimh thiomáint; cuimseofar gach cineál bus sa tástáil teoirice (busanna agus cóistí seirbhíse poiblí, busanna a bhfuil toisí speisialta acu, ...) (catagóirí D, DE, D1, D1E amháin). |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 5 – pointe 1 – pointe c – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cód an Aontais atá marcáilte ar cheadúnas tiomána de chatagóir A1, A2, A, B1, B agus BE a eisítear ar bhonn tástála scileanna agus iompraíochta a rinneadh ar fheithicil ag a bhfuil traiseoladh uathoibríoch, déanfar an cód sin a bhaint má éiríonn leis an sealbhóir i dtástáil thiomnaithe scileanna agus iompraíochta nó má chríochnaíonn sé oiliúint thiomnaithe. | An cód Aontais atá marcáilte ar cheadúnas tiomána de chatagóirí A1, A2, A, B1, B agus BE a eisítear ar bhonn tástáil scileanna agus iompraíochta a dhéantar ar fheithicil le traiseoladh uathoibríoch, ní fhorchuirfear ar taispeáint é nó bainfear é má éiríonn leis an sealbhóir i dtástáil thiomnaithe scileanna agus iompraíochta nó má chríochnaíonn sé oiliúint thiomnaithe, a d'fhéadfadh tarlú roimh thástáil scileanna agus iompair nó ina dhiaidh sin ar fheithicil le traiseoladh |

| | |
|---|---|
| | uathoibríoch. |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 5 – pointe 1 – pointe c – mír 2 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an oiliúint thiomnaithe a fhormheas agus a mhaoirsiú; ***nó,*** | (i) an oiliúint thiomnaithe a fhormheas agus a mhaoirsiú**, lena n-áirítear mar chuid d'oiliúint ghinearálta na dtiománaithe**; ***nó,*** |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 5 – pointe 1 – pointe d – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Forálacha sonracha a bhaineann le catagóirí BE, C, CE, C1, C1E, D, DE, D1 agus D1E | Forálacha sonracha a bhaineann le catagóirí BE, C, CE, C1, C1E, D, DE, D1 agus D1E **agus T** |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 5 – pointe 2 – pointe g – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Feithicil i gcatagóir C ag a bhfuil mais | Feithicil i gcatagóir C ag a bhfuil mais |

| | |
|---|---|
| údaraithe uasta 12 000 kg ar a laghad, fad 8 m ar a laghad, leithead 2,40 m ar a laghad, agus ar féidir léi luas 80 km/h ar a laghad a dhéanamh; feistithe le córas coscánaithe frithghlasála, a bhfuil trealamh taifeadta aici mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014; is é a bheidh san urrann lastais cabhail bosca dhúnta atá chomh leathan agus chomh hard leis an gcábán ar a laghad; cuirfear ***an*** fheithicil i láthair le fíormhais iomlán 10 000 kg ar a laghad; | údaraithe uasta 12 000 kg ar a laghad, fad 8 m ar a laghad, leithead 2,40 m ar a laghad, agus ar féidir léi luas 80 km/h ar a laghad a dhéanamh; feistithe le córas coscánaithe frithghlasála, a bhfuil trealamh taifeadta aici mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014; cuirfear an fheithicil i láthair le fíormhais iomlán 10 000 kg ar a laghad; |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 5 – pointe 2 – pointe h – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Feithicil altach nó cónasc d'fheithicil tástála i gcatagóir C i dteannta leantóra atá 7,5 m ar fad ar a laghad; beidh ag an bhfeithicil altach agus ag an gcónasc araon mais údaraithe uasta 20 000 kg ar a laghad, fad 14 m ar a laghad agus leithead 2,40 m ar a laghad, féadfaidh siad luas 80 km/h ar a laghad a dhéanamh, beidh siad feistithe le coscáin frithghlasála, agus beidh trealamh taifeadta acu mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014; ***is é a bheidh san urrann lastais cabhail bosca dhúnta atá chomh leathan agus chomh hard leis an gcábán ar a laghad***; cuirfear an fheithicil altach agus an cónasc araon i láthair le fíormhais iomlán 15 000 kg ar a laghad; | Feithicil altach nó cónasc d'fheithicil tástála i gcatagóir C i dteannta leantóra atá 7,5 m ar fad ar a laghad; beidh uasmhais údaraithe 20 000 kg ar a laghad, fad 14 m ar a laghad agus leithead 2.40 m ar a laghad ag an bhfeithicil altach agus ag an gcónasc araon, beidh siad in ann luas 80 km/h ar a laghad a bheith acu, agus beidh siad feistithe le coscáin frithghlasála, le cúigiú roth, feistithe le giarbhosca a bhfuil ocht gcóimheas tosaigh ar a laghad aige agus trealamh taifeadta mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014;  cuirfear an fheithicil altach agus an cónasc araon i láthair le fíormhais iomlán 15 000 kg ar a laghad; |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 5 – pointe 2 – pointe i – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Feithicil i bhfochatagóir C1 ag a bhfuil mais údaraithe uasta 4 000 kg ar a laghad, fad 5 m ar a laghad agus ar féidir léi luas 80 km/h ar a laghad a dhéanamh; feistithe le coscáin frithghlasála, agus a bhfuil trealamh taifeadta aici mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014; ***is é a bheidh san urrann lastais cabhail bosca dhúnta atá chomh leathan agus chomh hard leis an gcábán ar a laghad;*** | Feithicil i bhfochatagóir C1 ag a bhfuil mais údaraithe uasta 4 000 kg ar a laghad, fad 5 m ar a laghad agus ar féidir léi luas 80 km/h ar a laghad a dhéanamh; feistithe le coscáin frithghlasála, agus a bhfuil trealamh taifeadta aici mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014; |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 5 – pointe 2 – pointe j – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cónasc ina bhfuil feithicil tástála i bhfochatagóir C1 agus leantóir ag a bhfuil mais údaraithe uasta 1 250 kg ar a laghad; beidh an cónasc sin 8 m ar fad ar a laghad agus féadfaidh sé luas 80 km/h ar a laghad a dhéanamh; is é a bheidh in urrann lastais an leantóra cabhail bosca dhúnta atá chomh leathan agus chomh hard leis an gcábán ar a laghad; ***d'fhéadfadh an chabhail bosca dhúnta a bheith beagán níos tanaí ná an cábán freisin ar choinníoll nach féidir amharc ar chúl ach amháin trí leas a bhaint as scátháin chúlfhéachana na mótarfheithicle;*** cuirfear ***an*** leantóir i láthair le fíormhais iomlán 800 kg ar a laghad; | Cónasc ina bhfuil feithicil tástála i bhfochatagóir C1 agus leantóir ag a bhfuil mais údaraithe uasta 1 250 kg ar a laghad; beidh an cónasc sin 8 m ar fad ar a laghad agus féadfaidh sé luas 80 km/h ar a laghad a dhéanamh; cuirfear an leantóir i láthair le fíormhais iomlán 800 kg ar a laghad; |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 5 – pointe 2 – pointe l – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Cónasc ina bhfuil feithicil tástála i gcatagóir D agus leantóir ag a bhfuil mais údaraithe uasta 1 250 kg ar a laghad, leithead 2,40 m ar a laghad, agus ar féidir leis luas 80 km/h ar a laghad a dhéanamh; is é a bheidh in urrann lastais an leantóra cabhail bosca dhúnta atá 2 m ar leithead agus 2 m ar airde ar a laghad; cuirfear ***an*** leantóir i láthair le fíormhais iomlán 800 kg ar a laghad; | Cónasc ina bhfuil feithicil tástála i gcatagóir D agus leantóir ag a bhfuil mais údaraithe uasta 1 250 kg ar a laghad, leithead 2,40 m ar a laghad, agus ar féidir leis luas 80 km/h ar a laghad a dhéanamh; cuirfear an leantóir i láthair le fíormhais iomlán 800 kg ar a laghad; |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 6 – pointe 3 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (e) treo a athrú: casadh ar chlé agus ar dheis; lánaí a athrú; | (e) treo a athrú: casadh ar chlé agus ar dheis; lánaí a athrú, U-chasadh a dhéanamh; |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 6 – pointe 3 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) scoitheadh/dul thar fheithicil eile: trácht eile a scoitheadh (más féidir); tiomáint le taobh constaicí, mar shampla carranna páirceáilte; ligean d'fheithiclí eile scoitheadh (más iomchuí); | (g) scoitheadh/dul thar fheithicil eile: trácht eile a scoitheadh, lena n-***áirítear rothaithe, úsáideoirí micrea-shoghluaisteachta, coisithe***; tiomáint le taobh constaicí, mar shampla carranna páirceáilte; ligean d'fheithiclí eile scoitheadh (más iomchuí); |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 6 – pointe 3 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) gnéithe speisialta bóthair (má tá fáil orthu): timpealláin; crosairí comhréidhe iarnróid; stadanna tram/bus; trasrianta do choisithe; tiomáint in aghaidh fána/le fána ar fhánaí fada; tolláin; | (h) gnéithe speisialta bóthair (má tá fáil orthu): timpealláin; crosairí comhréidhe iarnróid***, lánaí rothar***; stadanna tram/bus; trasrianta do choisithe; tiomáint in aghaidh fána/le fána ar fhánaí fada; tolláin; |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 6 – pointe 3 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) idirghníomhaíocht le feithiclí eile, lena n-áirítear caochspotaí a thuar agus úsáid leormhaith treotháscairí;*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 6 – pointe 3 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) na réamhchúraimí is gá a ghlacadh le linn na tuirlingthe den fheithicil. | (j) na réamhchúraimí is gá a ghlacadh le linn na tuirlingthe den fheithicil go háirithe maidir le rothaithe. |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 7 – pointe 4 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) scoitheadh/dul thar fheithicil eile: trácht eile a scoitheadh (más féidir); tiomáint le taobh constaicí, mar shampla carranna páirceáilte; ligean d'fheithiclí eile scoitheadh (más iomchuí); | (g) scoitheadh/dul thar fheithicil eile: úsáideoirí eile bóthair a scoitheadh, lena n-áirítear rothaithe (más féidir); tiomáint le taobh constaicí, mar shampla carranna páirceáilte; ligean d'fheithiclí eile scoitheadh (más iomchuí); |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 7 – pointe 4 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) tiomáint neamhspleách i dtreo ceann scríbe cinntithe, thar thásca sonracha casaidh;*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 7 – pointe 4 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) gnéithe speisialta bóthair (má tá fáil orthu): timpealláin; crosairí comhréidhe iarnróid; stadanna tram/bus; trasrianta do choisithe; tiomáint in aghaidh fána/le fána ar fhánaí fada; tolláin; | (h) gnéithe speisialta bóthair (má tá fáil orthu): timpealláin; ***tiomáint trí thimpealláin le feithicil mhór; tiomáint ar dheis agus ar chlé***; crosairí comhréidhe iarnróid; stadanna tram/bus; trasrianta do choisithe; ***lánaí rothar;*** ag tiomáint in aghaidh fána/le fána ar fhánaí fada; ***athruithe grádáin;*** tolláin; |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 7 – pointe 4 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) idirghníomhaíocht le húsáideoirí bóthair eile, lena n-áirítear caochspotaí a thuar agus úsáid leormhaith treotháscairí;*** |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 7 – pointe 4 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) na réamhchúraimí is gá a ghlacadh le | (i) dul isteach san fheithicil agus |

linn na tuirlingthe den fheithicil; | tuirlingt aisti, lena n-áirítear a chinntiú go bhfuil sé sábháilte doras na feithicle a oscailt agus nach gcruthóidh sé sin guais d'úsáideoirí bóthair eile amhail coisithe, rothaithe agus úsáideoirí micrea-shoghluaisteachta, agus béim ar leith á leagan ar an doras a oscailt leis an láimh is faide uaidh;

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 7 – pointe 4 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) freagairt do dhálaí contúirte agus a bheith ag súil le dálaí contúirte trí ionsamhlóirí a úsáid. | (j) freagairt do dhálaí contúirte agus a bheith ag súil le dálaí contúirte, lena n-áirítear trí ionsamhlóirí a úsáid. |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 8 – pointe 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) meicníochtaí éagsúla cúpla maidir le leantóir a chúpláil le trucail, ag cur san áireamh cúpláil an chúigiú roth le haghaidh feithiclí altacha (le haghaidh leathleantóirí), agus cúpláil nascaire barra tarraingthe le haghaidh leantóirí barra tarraingthe (trucail dholúbtha),*** |

| | |
|---|---|
| | ***chomh maith leis na gnáthnósanna imeachta oibriúcháin agus na prótacail chaighdeánacha chun leantóirí a nascadh agus a dhícheangal ó thrucailí agus na meicníochtaí cúplála sin á n-úsáid;*** |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 8 – pointe 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) páirceáil go sábháilte le haghaidh lódála/dílódála ag rampa/ardán lódála nó suiteáil chomhchosúil (catagóirí C, CE, C1, C1E amháin); | (c) páirceáil go sábháilte le haghaidh lódála/dílódála ag rampa/ardán lódála nó suiteáil chomhchosúil (catagóirí C, CE, C1, C1E, T amháin); |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 8 – pointe 3 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) treo a athrú: casadh ar chlé agus ar dheis; lánaí a athrú; | (e) treo a athrú: casadh ar chlé agus ar dheis; lánaí a athrú, U-chasadh a dhéanamh; |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 8 – pointe 3 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea)   caochspotaí a chur san áireamh;*** |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 8 – pointe 3 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) scoitheadh/dul thar fheithicil eile: trácht eile a scoitheadh (más féidir); tiomáint le taobh constaicí, mar shampla carranna páirceáilte; ligean d'fheithiclí eile scoitheadh (más iomchuí); | (g) scoitheadh/dul thar fheithicil eile: úsáideoirí bóthair agus úsáideoirí micrea-shoghluaisteachta eile a scoitheadh, lena n-áirítear rothaithe agus coisithe (más féidir); tiomáint le taobh constaicí, mar shampla carranna páirceáilte; ligean d'fheithiclí eile scoitheadh (más iomchuí); |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 8 – pointe 3 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) gnéithe speisialta bóthair (má tá fáil orthu): timpealláin; crosairí comhréidhe iarnróid; stadanna tram/bus; trasrianta do choisithe; tiomáint in aghaidh fána/le fána ar fhánaí fada; tolláin; | (h) gnéithe speisialta bóthair: tiomáint trí thimpealláin le feithicil mhór; ***tiomáint ar chlé agus ar dheis***; crosairí comhréidhe iarnróid; stadanna tram/bus; trasrianta do choisithe, lánaí rothar; tiomáint in aghaidh fána/le fána ar fhánaí fada; tolláin; |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 8 – pointe 3 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) na réamhchúraimí is gá a ghlacadh le linn na tuirlingthe den fheithicil. | (i) dul ***isteach agus*** tuirlingt den fheithicil, lena n-áirítear a áirithiú go bhfuil sé sábháilte doras na feithicle a oscailt agus nach gcruthóidh sé sin guais d'úsáideoirí eile bóthair amhail coisithe, rothaithe agus úsáideoirí micrea-shoghluaisteachta; |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 8 – pointe 3 – mír 1 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) na réamhchúraimí atá le glacadh ag dul isteach san fheithicil agus ag imeacht aisti ar bhealach sábháilte.*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 8 – pointe 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tiomáint ar bhealach lena n-áirithítear sábháilteacht agus lena laghdaítear ídiú breosla/fuinnimh agus astaíochtaí le linn an luasghéaraithe, an luasmhoillithe, na tiomána in aghaidh fána | (a) tiomáint ar bhealach lena n-áirithítear sábháilteacht agus lena laghdaítear ídiú breosla/fuinnimh agus astaíochtaí le linn an luasghéaraithe, an luasmhoillithe, na tiomána in aghaidh fána |

| | |
|---|---|
| agus le fána; | agus le fána, an t-achar go dtí an fheithicil atá chun tosaigh; ***scoitheadh ar chuar bóthair, athrú lána, rialacha tosaíochta, teorainneacha luais;*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 8 – pointe 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) freagairt do dhálaí contúirte agus dul roimh dhálaí contúirte trí ionsamhlóirí a úsáid | (b) freagairt do dhálaí contúirte agus a bheith ag súil le dálaí contúirte, lena n-áirítear trí ionsamhlóirí a úsáid. |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 9 – pointe 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear oiliúint ar scrúdaitheoirí tiomána chun cumas na n-iarrthóirí tiomáint go sábháilte a mheasúnú i gceart. Déanfaidh comhlacht atá údaraithe ag an mBallstát faireachán agus maoirseacht ar obair scrúdaitheoirí tiomána chun feidhmiú ceart comhsheasmhach an mheasúnaithe ar fhabhtanna a áirithiú i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar síos san Iarscríbhinn seo. | Cuirfear oiliúint ar scrúdaitheoirí tiomána chun cumas na n-iarrthóirí tiomáint go sábháilte a mheasúnú i gceart. Déanfaidh comhlacht neamhspleách atá údaraithe ag an mBallstát faireachán agus maoirseacht ar obair scrúdaitheoirí tiomána chun feidhmiú ceart comhsheasmhach an mheasúnaithe ar fhabhtanna a áirithiú i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar síos san Iarscríbhinn seo. |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 9 – pointe 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rialú na feithicle; agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh: úsáid cheart criosanna sábhála, scátháin chúlfhéachana, ceannbhaic; suíochán; úsáid cheart soilse agus trealaimh eile; úsáid cheart na cráige, an ghiarbhosca, an luasaire, na gcóras coscánaithe (lena n-áirítear an tríú córas coscánaithe, má tá sé ar fáil), an stiúrtha; an fheithicil a rialú faoi chúinsí difriúla ar luasanna difriúla; seasmhacht ar an mbóthar; meáchan agus toisí agus saintréithe na feithicle; meáchan agus cineál an ualaigh (catagóirí BE, C, CE, C1, C1E, DE, D1E amháin); compord na bpaisinéirí (catagóirí D, DE, D1, D1E amháin) (gan aon luasghéarú tapa, tiomáint go deas réidh agus gan aon choscánú tobann); | (a) rialú na feithicle; agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh: úsáid cheart criosanna sábhála, áiseanna ***sábháilteachta agus tiomána nua-aimseartha,*** scátháin chúlfhéachana, ceannbhaic; suíochán; úsáid cheart soilse agus trealaimh eile; úsáid cheart na cráige, an ghiarbhosca, an luasaire, na gcóras coscánaithe (lena n-áirítear an tríú córas coscánaithe, má tá sé ar fáil), an stiúrtha; an fheithicil a rialú faoi chúinsí difriúla ar luasanna difriúla; seasmhacht ar an mbóthar; meáchan agus toisí agus saintréithe na feithicle; meáchan agus cineál an ualaigh (catagóirí BE, C, CE, C1, C1E, DE, D1E, T amháin); compord na bpaisinéirí (catagóirí D, DE, D1, D1E amháin) (gan aon luasghéarú tapa, tiomáint go deas réidh agus gan aon choscánú tobann); |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 9 – pointe 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tiomáint go tíosach agus ar bhealach sábháilte fuinneamhéifeachtúil, agus aird á tabhairt ar na himrothluithe sa nóiméad, athrú giaranna, coscánú agus luasghéarú (catagóirí B, BE, C, CE, C1, C1E, D, DE, D1, D1E amháin); | (b) tiomáint go tíosach agus ar bhealach sábháilte fuinneamhéifeachtúil, agus aird á tabhairt ar na himrothluithe sa nóiméad, athrú giaranna, coscánú agus luasghéarú agus úsáid a bhaint as áiseanna intreacha infheithicle tiomána agus/nó sábháilteachta (catagóirí B, BE, C, CE, C1, C1E, D, DE, D1, D1E amháin); |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 9 – pointe 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) rialacha breathnóireachta a chomhlíonadh: breathnóireacht ar gach taobh; úsáid cheart na scáthán; radharc fadraoin, meánraoin, neasraoin; | (c) rialacha breathnóireachta a chomhlíonadh: breathnóireacht ar gach taobh; úsáid cheart a bhaint as scátháin agus teicneolaíochtaí nua; radharc fadraoin, meánraoin, neasraoin; |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid I – pointe B – pointe 9 – pointe 3 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) coscánú agus stopadh a rialú: luasmhoilliú in am, coscánú nó stopadh de réir imthosca; a bheith ag súil le guaiseacha; na córais choscánaithe éagsúla a úsáid (do chatagóirí C, CE, D, DE amháin); córais laghdaithe luais seachas na coscáin a úsáid (do chatagóirí C, CE, D, DE amháin). | (j) coscánú agus stopadh a rialú: luasmhoilliú in am, coscánú nó stopadh de réir imthosca; a bheith ag súil le guaiseacha; na córais choscánaithe éagsúla a úsáid (do chatagóirí C, CE, D, DE amháin); córais laghdaithe luais seachas na coscáin a úsáid agus úsáid teicneolaíochtaí infheithicle (do chatagóirí C, CE, D, DE amháin). |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 1 – fleasc 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – na tosca go léir a dhéanann difear d’iompraíocht an tiománaí (mar shampla alcól, tuirse, radharc lag na súl, etc.) a chur san áireamh chun úsáid iomlán na gcumas is gá chun tiomáint go sábháilte a choimeád; | – na tosca go léir a dhéanann difear d’iompraíocht tiomána a chur san áireamh (mar shampla alcól, tuirse, drochradharc na súl, úsáid gaireas leictreonach etc.) chun úsáid iomlán na gcumas is gá chun tiomáint go sábháilte a choimeád; |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 1 – fleasc 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – eolas leordhóthanach a bheith acu ar thosca riosca a bhaineann le modhanna micrea-shoghluaisteachta; | – eolas leordhóthanach a bheith acu ar thosca riosca a bhaineann le rothaithe, coisithe agus úsáideoirí micrea-shoghluaisteachta; |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Cuid II – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí a chur chun feidhme lena áirithiú gur féidir le tiománaithe a bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an iompraíocht a ndéantar tuairisc orthu faoi phointí 1 go 9 caillte acu an t-eolas agus na scileanna sin a fháil ar ais agus go leanfaidh siad den iompraíocht sin a léiriú atá riachtanach chun feithicil | Moltar do na Ballstáit na bearta iomchuí a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun a áirithiú gur féidir le tiománaithe a chaill an t-eolas, na scileanna agus an iompraíocht mar a thuairiscítear faoi phointí 1 go 9 an t-eolas sin agus na scileanna sin a aisghabháil agus go leanfaidh siad den iompraíocht sin is gá, chun feithicil |

| | |
|---|---|
| chumhacht-thiomáinte a thiomáint. | chumhacht-thiomáinte a thiomáint, a thaispeáint. ***Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as ioncam a cuireadh in áirithe faoi Threoir 2015/413 chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do bhearta den sórt sin.*** |

**Leasuithe 258, 327 agus 338**

**Togra le haghaidh treoir**
**Iarscríbhinn III - fo-cheannteideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CAIGHDEÁIN ÍOSTA FOLLÁINE ***COIRP AGUS INTINNE*** CHUN FEITHICIL CHUMHACHT-THIOMÁINTE A THIOMÁINT | CAIGHDEÁIN ÍOSTA FOLLÁINE CHUN FEITHICIL CHUMHACHT-THIOMÁINTE A THIOMÁINT |

**Leasuithe 259, 328 agus 339**

**Togra le haghaidh treoir**
**Iarscríbhinn III - fo-cheannteideal 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***SCRÚDUITHE LIACHTA*** | ***FOLLÁINE CHUN FEITHICIL CHUMHACHT-THIOMÁINTE A THIOMÁINT*** |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Grúpa 1: tiománaithe feithiclí i | (1) Grúpa 1: tiománaithe feithiclí i |

| | |
|---|---|
| gcatagóirí A, A1, A2, AM, B, B1 ***agus BE***; | gcatagóirí A, A1, A2, AM, B, B1***, BE agus T***; |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Féadfar, le reachtaíocht náisiúnta, foráil a dhéanamh le go mbeidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo le haghaidh thiománaithe Ghrúpa 2 maidir le tiománaithe feithiclí i gCatagóir B a mbeidh a gceadúnas tiomána in úsáid acu chun críoch ghairmiúil (tacsaithe, otharchairr, etc.). | (3) Déanfar, le reachtaíocht náisiúnta foráil do na forálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo le haghaidh thiománaithe Ghrúpa 2 maidir le tiománaithe feithiclí Chatagóir B a mbeidh a gceadúnas tiomána in úsáid acu chun críoch gairmiúil (tacsaithe, otharchairr, etc.). |

**Leasuithe 260 agus 329**

**Togra le haghaidh treoir**
**Iarscríbhinn III – pointe 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh iarratasóirí féinmheasúnú ***ar a n-oiriúnacht choirp agus mheabhrach*** chun feithicil chumhacht-thiomáinte a thiomáint. | Déanfaidh iarratasóirí féinmheasúnú ***nó scrúdú leighis*** chun feithicil chumhacht-thiomáinte a thiomáint ***i gcomhréir leis an gcóras náisiúnta atá i bhfeidhm sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu***. |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglófar ar na hiarratasóirí tabhairt faoi scrúdú liachta más léir, ón bhféinmheasúnú a dhéanfar ar a n-oiriúnacht choirp agus mheabhrach, agus na foirmiúlachtaí is gá á dtabhairt chun críche nó le linn na dtástálacha nach mór dóibh a dhéanamh sula bhfaighidh siad ceadúnas tiomána, gur dócha go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na éagumais liachta a luaitear san Iarscríbhinn seo orthu. | Ceanglófar ar na hiarratasóirí dul faoi scrúdú sláinte, lena n-áirítear scrúdú iomchuí um radharc na súl mar a thuairiscítear i bpointe 6, nuair atá na foirmiúlachtaí is gá á gcur i gcrích nó le linn na dtástálacha nach mór dóibh a dhéanamh sula bhfaighidh siad ceadúnas tiomána, agus é mar thoradh air sin go n-eiseoidh údarás liachta tuairim réasúnaithe liachta a mbeidh a shaineolas iomchuí do chastacht chuspóirí na hIarscríbhinne seo le chéile. |

**Leasuithe 262, 331 agus 341**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 3 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh*** tiománaithe faoi réir an ***nós imeachta chéanna tráth a dhéanfar a gceadúnais tiomána a athnuachan***. | ***Agus ceadúnais tiomána á n-athnuachan acu, féadfaidh*** tiománaithe ***a bheith*** faoi réir ***scrúdú leighis chun feithicil chumhacht-thiomáinte a thiomáint, faoin bhféinmheasúnú nó faoi aon chineál eile measúnaithe ar oiriúnacht chun tiomána i gcomhréir leis*** an ***gcóras náisiúnta atá i bhfeidhm sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu***. |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. D'fhéadfadh na Ballstáit caighdeáin agus rialacha níos déine a leagan síos ná iad siúd a leagtar amach san iarscríbhinn seo chun ceadúnais tiomána a eisiúint nó a athnuachan ina dhiaidh sin.*** |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar scrúduithe sláinte ar iarratasóirí sula n- eiseofar an chéad cheadúnas tiomána dóibh agus déanfar seiceáil ar thiománaithe ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an gcóras náisiúnta atá i bhfeidhm sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu aon uair a dhéanfar a gceadúnas tiomána a athnuachan | Rachaidh iarratasóirí faoi scrúduithe sláinte ar a n-oiriúnacht choirp agus mheabhrach chun feithicil chumhacht-thiomáinte a thiomáint sula n-eiseofar ceadúnas tiomána dóibh den chéad uair agus ina dhiaidh sin seiceálfar tiománaithe i gcomhréir leis an gcóras náisiúnta atá i bhfeidhm sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu aon uair a dhéanfar a gceadúnas tiomána a athnuachan. ***Féadfaidh cleachtóir ginearálta an scrúdú sláinte a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil an cúrsa oiliúna ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10(8a) curtha i gcrích aige nó aici.*** |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh tiománaithe faoi réir an nós imeachta chéanna tráth a dhéanfar a gceadúnais tiomána a athnuachan.*** |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar imscrúdú iomchuí ar gach iarratasóir ar cheadúnas tiomána lena áirithiú go bhfuil géire amhairc agus réimse radhairc leormhaith acu chun feithiclí cumhacht-thiomáinte a thiomáint. I gcás ina bhfuil cúis amhrais ann maidir le leormhaitheas radharc an iarratasóra, ba cheart d'údarás liachta inniúil scrúdú a dhéanamh air/uirthi. Tabharfar aird ar leith, go háirithe, ar na nithe seo a leanas sa scrúdú sin: géire amhairc, réimse radhairc, radharc sa bhreacsholas, mothálacht i leith dallrú agus codarsnachta, dioplóipe agus feidhmeanna eile amhairc a d'fhéadfadh cur isteach ar an tiomáint shábháilte. | Déanfar imscrúdú iomchuí ar gach iarratasóir ar cheadúnas tiomána agus ar athnuachan chun a áirithiú go mbeidh géire amhairc leordhóthanach acu, arna tomhas trí chairt géire amhairc bailíochtaithe agus trí réimse radhairc le haghaidh feithiclí cumhacht-thiomáinte a thiomáint. I gcás ina bhfuil cúis amhrais ann maidir le leormhaitheas radharc an iarratasóra, ba cheart d'údarás liachta inniúil nó do ghairmí cáilithe cúraim súl atá údaraithe ag an dlí náisiúnta scrúdú a dhéanamh air/uirthi. Tabharfar aird ar leith, go háirithe, ar na nithe seo a leanas sa scrúdú sin: géire amhairc, réimse radhairc, radharc sa bhreacsholas, mothálacht i leith dallrú agus codarsnachta, dioplóipe agus feidhmeanna eile amhairc a d'fhéadfadh cur isteach ar an tiomáint shábháilte. |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás thiománaithe ghrúpa 1, féadfar breithniú a dhéanamh ar cheadúnú i 'gcásanna eisceachtúla aonair' i gcás nach féidir an caighdeán maidir le réimse radhairc ná an caighdeáin maidir le géire amhairc a chomhlíonadh ach ina bhfuil cúiseanna ann lena chreidiúint nach ndéanfaí dochar don tsábháilteacht ar bhóithre dá n-eiseofaí ceadúnas tiomána don iarratasóir; sna cásanna sin, cuirfidh údarás liachta inniúil scrúdú ar an tiománaí chun a léiriú nach bhfuil aon lagú eile ar an bhfeidhm amhairc, lena n-áirítear mothálacht i leith dallrú agus codarsnachta agus radharc sa bhreacsholas. Beidh an tiománaí nó an t-iarratasóir faoi réir tástáil phraiticiúil dhearfach arna déanamh ag údarás inniúil freisin. | I gcás thiománaithe ghrúpa 1, féadfar breithniú a dhéanamh ar cheadúnú i 'gcásanna eisceachtúla aonair' i gcás nach féidir an caighdeán maidir le réimse radhairc ná an caighdeáin maidir le géire amhairc a chomhlíonadh ach ina bhfuil cúiseanna ann lena chreidiúint nach ndéanfaí dochar don tsábháilteacht ar bhóithre dá n-eiseofaí ceadúnas tiomána don iarratasóir; i gcásanna den sórt sin, cuirfidh údarás liachta inniúil nó gairmí cáilithe cúraim súl atá údaraithe ag an dlí náisiúnta, scrúdú ar an tiománaí chun a léiriú nach bhfuil aon lagú eile ar an bhfeidhm amhairc, lena n-áirítear mothálacht i leith dallrú agus codarsnachta agus radharc sa bhreacsholas. Beidh an tiománaí nó an t-iarratasóir faoi réir tástáil phraiticiúil dhearfach arna déanamh ag údarás inniúil freisin. |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 6 – mír 3 – pointe 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh géire amhairc dhéshúiligh, le lionsaí ceartaitheacha más gá, de 0,5 ar a laghad agus an dá shúil á n-úsáid le chéile ag iarratasóirí ar cheadúnas tiomána nó ar athnuachan ceadúnais den sórt sin. | Beidh géire amhairc dhéshúiligh, le lionsaí ceartaitheacha más gá, de 0,5 ar a laghad (nodaireacht dheachúlach) agus an dá shúil á n-úsáid le chéile ag iarratasóirí ar cheadúnas tiomána nó ar athnuachan ceadúnais den sórt sin. |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 6 – mír 3 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Beidh géire amhairc 0,5 ar a laghad, le lionsaí ceartaitheacha más gá, ag iarratasóirí ar cheadúnas tiomána, nó ar athnuachan ceadúnais den sórt sin, a bhfuil an radharc iomlán caillte acu go feidhmiúil in aon súil amháin nó nach mbíonn ach aon súil amháin in úsáid acu (mar shampla i gcás dioplóipe). Déanfaidh údarás liachta inniúil a dheimhniú go bhfuil an riocht amhairc leathshúiligh sin ann ar feadh tréimhse sách fada chun go bhféadfadh oiriúnú tarlú agus go gcomhlíonann an réimse radhairc sa tsúil sin an ceanglas a leagtar síos i bpointe 6.(1). | (2) Beidh géire amhairc 0,5 ar a laghad (nodaireacht dheachúlach), le lionsaí ceartaitheacha más gá, ag iarratasóirí ar cheadúnas tiomána, nó ar athnuachan ceadúnais den sórt sin, a bhfuil an radharc iomlán caillte acu go feidhmiúil in aon súil amháin nó nach mbíonn ach aon súil amháin in úsáid acu (mar shampla i gcás dioplóipe). Déanfaidh údarás liachta inniúil a dheimhniú go bhfuil an riocht amhairc leathshúiligh sin ann ar feadh tréimhse sách fada chun go bhféadfadh oiriúnú tarlú agus go gcomhlíonann an réimse radhairc sa tsúil sin an ceanglas a leagtar síos i bpointe 6.(1). |

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 6 – mír 3 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tar éis aon dioplóipe atá tagtha chun cinn le déanaí nó tar éis an radharc a chailleadh in aon súil amháin, beidh tréimhse oiriúnaithe iomchuí (6 mhí, mar shampla) ann, tréimhse nach gceadaítear tiomáint lena linn. Tar éis na tréimhse sin, ní cheadófar an tiomáint ach amháin tar éis tuairim fhabhrach ó shaineolaithe radhairc agus tiomána. | (3) Tar éis aon dioplóipe atá tagtha chun cinn le déanaí nó tar éis an radharc a chailleadh in aon súil amháin, beidh tréimhse oiriúnaithe iomchuí (6 mhí, mar shampla) ann, tréimhse nach gceadaítear tiomáint lena linn. Tar éis na tréimhse sin, ní cheadófar an tiomáint ach amháin tar éis tuairim fhabhrach ó shaineolaithe radhairc agus tiomána. ***Féadfaidh an t-údarás ceanglais shealadacha a bhunú agus, i gcás inarb iomchuí, srianta ar*** |

***thiomáint oíche.***

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 6 – mír 4 – pointe 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh géire amhairc, le lionsaí ceartaitheacha más gá, de 0,8 ar a laghad sa tsúil is fearr agus 0,1 sa tsúil is measa ag iarratasóirí ar cheadúnas tiomána nó ar athnuachan ceadúnais den sórt sin. Más rud é go n-úsáidtear lionsaí ceartaitheacha chun luachanna 0,8 agus 0,1 a bhaint amach, bainfear an ghéire íosta (0,8 agus 0,1) amach le ceartú trí bhíthin spéaclaí nach mó a gcumhacht ná móide ocht ndia-optar, nó le cabhair lionsaí tadhaill. Ní mór go mbeadh glacadh maith leis an gceartú. | Beidh géire amhairc, le lionsaí ceartaitheacha más gá, de 0,8 (nodaireacht dheachúlach) ar a laghad sa tsúil is fearr agus 0,1 (nodaireacht dheachúlach) sa tsúil is measa ag iarratasóirí ar cheadúnas tiomána nó ar athnuachan ceadúnais den sórt sin. Más rud é go n-úsáidtear lionsaí ceartaitheacha chun luachanna 0,8 agus 0,1 a bhaint amach, bainfear an ghéire íosta (0,8 agus 0,1) amach le ceartú trí bhíthin spéaclaí nach mó a gcumhacht ná móide ocht ndia-optar, nó le cabhair lionsaí tadhaill. Ní mór go mbeadh glacadh maith leis an gceartú. ***Féadfaidh cleachtóir ginearálta an scrúdú sláinte a dhéanamh, a bhfuil an oiliúint ar líne dá dtagraítear in Airteagal 10(8a) curtha i gcrích aige nó aici.*** |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 6 – mír 4 – pointe 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní dhéanfar ceadúnais tiomána a eisiúint ná a athnuachan d'iarratasóirí ná do thiománaithe a ***bhfuil*** lagú ar a mothálacht | Ní dhéanfar ceadúnais tiomána a eisiúint ná a athnuachan d'iarratasóirí ná do thiománaithe a léiríonn athruithe |

| | |
|---|---|
| i leith codarsnachta nó a bhfuil dioplóipe orthu. | suntasacha ar radharc sa bhreacsholas, agus íogaireacht codarsnachta lagaithe, agus radharc neamhleor tar éis dallrú, le ham téarnaimh míchuí, fiú amháin sa tsúil is fearr nó i gcás dioplóipe. |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 6 – mír 4 – pointe 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis caillteanas suntasach radhairc in aon súil amháin, beidh tréimhse oiriúnaithe iomchuí (6 mhí, mar shampla) ann, tréimhse nach gceadaítear don duine sin tiomáint lena linn. Tar éis na tréimhse sin, ní cheadófar an tiomáint ach amháin tar éis tuairim fhabhrach ó shaineolaithe radhairc agus tiomána. | Tar éis caillteanas suntasach radhairc in aon súil amháin, beidh tréimhse oiriúnaithe iomchuí (6 mhí, mar shampla) ann, tréimhse nach gceadaítear don duine sin tiomáint lena linn. Tar éis na tréimhse sin, ní cheadófar an tiomáint ach amháin tar éis tuairim fhabhrach ó shaineolaithe radhairc agus tiomána. ***Féadfaidh an t-údarás liachta inniúil tiomáint a cheadú faoi réir ceanglas áirithe nó srianta a fhorchur.*** |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 10 – mír 3 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Maidir le hiarratasóir nó tiománaí a bhfuil diaibéiteas air a bhfuil cóir leighis á fáil aige ina leith lena mbaineann riosca go bhféadfadh an chóir leighis sin an hipiglicéime a spreagadh, léireoidh sé tuiscint ar an riosca hipiglicéime agus | (2) Maidir le hiarratasóir nó tiománaí a bhfuil diaibéiteas air a bhfuil cóir leighis á fáil aige ina leith lena mbaineann riosca go bhféadfadh an chóir leighis sin an hipiglicéime a spreagadh, léireoidh sé tuiscint ar an riosca hipiglicéime agus |

| | |
|---|---|
| smacht leordhóthanach ar an riocht. | smacht leordhóthanach ar an riocht, lena n-áirítear trí chóras faireacháin leanúnach i gcás ina measfaidh údarás liachta inniúil gur gá sin. |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 10 – mír 7 – pointe 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Thairis sin, sna cásanna sin, eiseofar ceadúnais den sórt sin faoi réir tuairim údaráis liachta inniúil agus athbhreithniú liachta tráthrialta a dhéantar ag eatraimh nach faide ná 3 bliana. | Thairis sin, sna cásanna sin, déanfar ceadúnais den sórt sin a eisiúint nó a athnuachan faoi réir tuairim dhearfach ó údarás inniúil liachta agus faoi réir athbhreithniú leighis rialta arna dhéanamh ag speisialtóir leighis, arna dhéanamh ag eatraimh nach faide ná trí bliana. |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 11 – mír 2 – pointe 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní dhéanfar ceadúnais tiomána a eisiúint ná a athnuachan d'iarratasóirí ná do thiománaithe a bhfuil galar néareolaíoch tromchúiseach orthu, mura bhfuil tuairim liachta údaraithe ag gabháil leis an iarratas. | Ní dhéanfar ceadúnais tiomána a eisiúint ná a athnuachan d'iarratasóirí ná do thiománaithe a bhfuil galar néareolaíoch tromchúiseach orthu, ach amháin má thacaíonn tuairim liachta údaraithe dhearfach arna déanamh ag speisialtóir liachta nó ag údarás liachta inniúil leis an iarratas. |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 11 – mír 2 – pointe 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Dá réir sin, maidir le suaití néareolaíocha a bhaineann le galair nó le hidirghabháil mháinliachta a dhéanann difear do lárchóras na néaróg nó d'imeallchóras na néaróg, as a dtagann laguithe céadfacha nó luaileacha agus a mbíonn tionchar acu ar chothromaíocht agus ar chomhordú, cuirfear iad san áireamh i ndáil lena n- éifeachtaí feidhmiúla ***agus*** na rioscaí maidir lena bhforchéimniú. Sna cásanna sin, féadfar eisiúint nó athnuachan an cheadúnais a bheith faoi réir measúnú tréimhsiúil i gcás riosca meatha. | Cuirfear san áireamh, dá réir sin, suaitheadh néareolaíoch a bhaineann le riochtaí forbartha, galair, idirghabháil leighis nó mháinliachta a dhéanann difear do lárchóras na néaróg nó don néarchóras imeallach a mbíonn lagú cognaíoch, iompraíochta, céadfach nó mótar mar thoradh orthu agus a dhéanann difear d'fheidhmíocht/feidhm, cothromaíocht agus comhordú. Ní mór na rioscaí a bhaineann le dul chun cinn lagaithe agus comhlíonadh cóireála a chur san áireamh. Sna cásanna sin, féadfar eisiúint nó athnuachan an cheadúnais a bheith faoi réir measúnú tréimhsiúil i gcás riosca meatha. |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 12 – mír 6 – pointe 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Taom titimis spreagtha: maidir le hiarratasóir ar bhain taom titimis spreagtha dó de dheasca toisc inaitheanta agus nach dócha go dtarlódh sé arís agus an duine ag tiomáint, féadfar a dhearbhú go bhfuil sé ar a chumas dó tiomáint ar bhonn aonair, faoi réir tuairim néareolaíoch. Déanfar LEG agus measúnú | Taom titimis spreagtha: an t-iarratasóir a raibh taom titimis spreagtha aige, mar gheall ar fhachtóir inaitheanta, nach dócha go dtarlóidh sé arís ag an roth, féadfar a dhearbhú go bhfuil sé in ann tiomáint ar bhonn aonair amháin, agus i gcás feithiclí le haghaidh úsáid phríobháideach, ach ní chun daoine eile a iompar, faoi réir tuairim |

| | |
|---|---|
| néareolaíoch iomchuí tar éis na géar-eipeasóide. | néareolaíoch. Déanfar LEG agus measúnú néareolaíoch iomchuí tar éis na géar-eipeasóide. |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 12 – mír 6 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) An chéad taom gan spreagadh nó taom aonair gan spreagadh: maidir le hiarrthóir ar bhain an chéad taom titimis gan spreagadh dó, féadfar a dhearbhú go bhfuil sé ar a chumas dó nó di tiomáint ag deireadh tréimhse 5 bliana saor ó thaomanna eile gan cúnamh drugaí in aghaidh an titimis, más rud é go ndearnadh measúnú liachta iomchuí. ***Féadfaidh na húdaráis náisiúnta cead a thabhairt do thiománaithe a bhfuil táscairí prognóiseacha maithe aitheanta acu tiomáint níos luaithe.*** | (12) An chéad taom gan spreagadh nó taom aonair gan spreagadh: maidir le hiarrthóir ar bhain an chéad taom titimis gan spreagadh dó, féadfar a dhearbhú go bhfuil sé ar a chumas dó nó di tiomáint ag deireadh tréimhse 5 bliana saor ó thaomanna eile gan cúnamh drugaí in aghaidh an titimis, más rud é go ndearnadh measúnú liachta iomchuí. |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 13 – mír 2 – pointe 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) mórlagú meabhrach, bíodh sé ina lagú ó bhroinn nó de dheasca galair, tráma, nó obráidí néaramháinliachta; | (a) mórlagú meabhrach, lagú cognaíoch nó iompraíochta, bíodh sé ina lagú ó bhroinn nó de dheasca galair, tráma, nó obráidí néaramháinliachta; |

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 13 – mír 2 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***mórlagú intleachta;*** | (b) ***scriosta*** |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 13 – mír 2 – pointe 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***mórfhadhbanna iompraíochta, fadhbanna iompraíochta atá nasctha le haosú;*** nó laguithe pearsantachta atá ina gcúis le breithiúnas, iompraíocht nó inoiriúnaitheacht atá lagaithe go mór, | (c) laguithe pearsantachta atá ina gcúis le breithiúnas, iompraíocht nó inoiriúnaitheacht atá lagaithe go mór, |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 13 – mír 3 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tabharfaidh an t- údarás liachta inniúil aird ar leith ar na rioscaí agus na contúirtí breise a bhaineann le tiomáint feithiclí a chumhdaítear leis an sainmhíniú ar an ngrúpa seo. | (2) Tabharfaidh an t- údarás liachta inniúil aird ar leith ar na rioscaí agus na contúirtí breise a bhaineann le tiomáint feithiclí a chumhdaítear leis an sainmhíniú ar an ngrúpa seo. ***Féadfaidh an t-údarás inniúil leighis ceanglais shealadacha a bhunú nó srianta a fhorchur ar thiomáint.*** |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 14 – mír 2 – pointe 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní dhéanfar ceadúnais tiomána a eisiúint ná a athnuachan d'iarratasóirí ná do thiománaithe atá spleách ar alcól ***nó*** nach féidir leo staonadh ó bheith ag tiomáint faoi thionchar an óil mura gcuirtear srianta iomchuí i bhfeidhm trí úsáid teicneolaíochtaí lena gcumasaítear cur in aghaidh an spleáchais (***mar shampla,*** trí úsáid éigeantach córais chomhghlasála i gcás meisce). | Ní dhéanfar ceadúnais tiomána a eisiúint ná a athnuachan d'iarratasóirí ná do thiománaithe a bhfuil neamhoird úsáide alcóil acu nó nach bhfuil in ann staonadh ó ól ná tiomáint mura gcuirtear srianta iomchuí i bhfeidhm trína rannpháirtíocht i gcláir athshlánúcháin lena n-áirítear faireachán agus maoirseacht leighis agus úsáid teicneolaíochtaí lenar féidir an spleáchas a fhritháireamh (lena n-áirítear trí úsáid éigeantach comhghlasála i gcás meisce). |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 14 – mír 2 – pointe 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis tréimhse chruthaithe staonta agus faoi réir tuairim liachta údaraithe agus scrúduithe sláinte tráthrialta, féadfar ceadúnais tiomána a eisiúint, nó a athnuachan, d'iarratasóirí nó do thiománaithe a bhí spleách ar alcól roimhe sin gan aon srianta breise. | Tar éis tréimhse chruthaithe staonta agus faoi réir tuairim liachta údaraithe dhearfach agus scrúduithe sláinte rialta ag an údarás liachta inniúil, féadfar ceadúnais tiomána a eisiúint d'iarratasóirí nó do thiománaithe a bhí spleách ar alcól san am a chuaigh thart gan aon srianta breise, nó féadfar iad a athnuachan dóibh. |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 14 – mír 3 – pointe 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Féadfaidh an t-údarás liachta inniúil ceanglais shealadacha agus, i gcás inarb iomchuí, srianta ar thiomáint a bhunú.*** |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 15 – mír 2 – pointe 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní dhéanfar ceadúnais tiomána a eisiúint ná a athnuachan d'iarratasóirí ná do thiománaithe atá spleách ar shubstaintí síceatrópacha nó nach bhfuil spleách ar na substaintí ***sin ach a bhaineann mí-úsáid astu go tráthrialta***, gan beann ar an gcatagóir ceadúnais atá á iarraidh. | Ní dhéanfar ceadúnais tiomána a eisiúint ná a athnuachan d'iarratasóirí ná do thiománaithe a bhaineann úsáid as substaintí síceatrópacha nó támhshuanaigh, cibé catagóir ceadúnais a iarrtar. |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 15 – mír 2 – pointe 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní dhéanfar ceadúnais tiomána a eisiúint ná a athnuachan d'iarratasóirí ná do thiománaithe a ***bhaineann úsáid*** | Ní dhéanfar ceadúnais tiomána a eisiúint ná a athnuachan d'iarratasóirí ná do thiománaithe a bhaineann mí-úsáid as |

| | |
|---|---|
| ***thráthrialta*** as substaintí síceatrópacha, in aon fhoirm, a d'fhéadfadh cur isteach ar an gcumas tiomáint go sábháilte i gcás inar leor na cainníochtaí arna n- ionsú chun go mbeidh tionchar díobhálach acu ar an tiomáint. Beidh feidhm aige sin maidir le gach táirge íocshláinte eile nó teaglamaí de tháirgí íocshláinte a dhéanann difear don chumas tiomána. | substaintí síceatrópacha nó a bhaineann úsáid rialta astu más rud é go mbeidh tionchar ag an méid a ghlactar ar an gcumas tiomána. Beidh feidhm aige sin maidir le gach táirge íocshláinte eile nó teaglamaí de tháirgí íocshláinte a dhéanann difear don chumas tiomána.<br><br>***Féadfaidh an t-údarás liachta inniúil ceanglais shealadacha agus, i gcás inarb iomchuí, srianta ar thiomáint a bhunú.*** |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – pointe 15 – mír 2 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tabharfaidh an t- údarás liachta inniúil aird ar leith ar na rioscaí agus na contúirtí breise a bhaineann le tiomáint feithiclí a chumhdaítear leis an sainmhíniú ar an ngrúpa seo. | (3) Tabharfaidh an t-údarás leighis inniúil aird chuí ar na rioscaí agus na contúirtí breise a bhaineann le tiomáint feithiclí atá cumhdaithe ag an sainmhíniú ar an ngrúpa seo agus féadfaidh sé ceanglais shealadacha agus, i gcás inarb iomchuí, srianta ar thiomáint a bhunú. |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Cuid 1 – pointe 3 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) leochaileacht úsáideoirí bóithre gan inneall a thuiscint agus aird a thabhairt orthu.*** |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Cuid 4 – pointe 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) Déanfaidh comhlacht atá údaraithe ag an mBallstát faireachán agus maoirseacht ar obair scrúdaitheoirí tiomána chun feidhmiú ceart comhsheasmhach an mheasúnaithe a áirithiú. | (e) Déanfaidh comhlacht neamhspleách atá údaraithe ag an mBallstát faireachán agus maoirseacht ar obair scrúdaitheoirí tiomána chun feidhmiú ceart comhsheasmhach an mheasúnaithe a áirithiú. |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Cuid 4 – pointe 2 – pointe a – pointe i – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – an t-eolas riachtanach agus na scileanna scrúdúcháin riachtanacha a chothabháil agus a uasghrádú; | – an t-eolas riachtanach agus na scileanna scrúdúcháin agus cumarsáide riachtanacha a chothabháil agus a athnuachan; |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – cuid 5 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Maidir le daoine a bhí údaraithe | (1) Féadfaidh na Ballstáit cead a |

chun tástálacha tiomána a chur ar dhaoine go díreach sular tháinig forálacha Threoir 2006/126/CE i bhfeidhm, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt dóibh leanúint de thástálacha tiomána a chur ar dhaoine, d'ainneoin nach raibh siad údaraithe i gcomhréir leis na coinníollacha ginearálta i bpointe 2 ná leis an bpróiseas cáilíochta tosaigh a leagtar amach i bpointe 3.

thabhairt do dhaoine atá údaraithe tástálacha tiomána a dhéanamh díreach roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo leanúint de thástálacha tiomána a dhéanamh, d'ainneoin nár údaraíodh iad i gcomhréir leis na coinníollacha ginearálta i bpointe 2 ná leis an bpróiseas cáiliúcháin tosaigh a leagtar amach i bpointe 3.